

**The North/South
Language Body
Annual Report and Accounts
for the period ended
31 December 2000**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus
Cuntais don tréimhse dár
chríoch 31 Nollaig 2000**

**Tha Boord o Leid
An Acoont o tha Darg up tae
31 Decemmer 2000**



Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Ulster-Scots Agency



Foras na Gaeilge





**The North/South
Language Body
Annual Report and Accounts
for the period ended
31 December 2000**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus
Cuntais don tréimhse dár
chríoch 31 Nollaig 2000**

**Tha Boord o Leid
An Acoont o tha Darg up tae
31 Decemmer 2000**

Contents

Page

Board Members of The Language Body	2
Joint Introduction	4
Report of Foras na Gaeilge	7
Report of Tha Boord o Ulstèr-Scotch	33
Financial Statements	45

Clár

Leathanach

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga	3
Comhréamhra	5
Tuairisc Fhoras na Gaeilge	7
Tuairisc Tha Boord o Ulstèr-Scotch	33
Ráitis Airgeadais	45

Board Members of The Language Body

Lord Laird of Artigarvan (Tha Boord o Ulstèr-Scotch Chairman)

Maighréad Uí Mháirtín (Cathaoirleach Foras na Gaeilge)

Liam Corey*

Anne Craig*

Jim Devenney**

John Erskine**

Lyn Franks**

Dr. Linde Lunney**

Aodán Mac Póilín*

Gearóid Mac Siacais*

Gordon McCoy*

Patrick Mc Glone*

John McIntyre**

Treasa Ní Ailpín*

Jacqueline Ní Fhearghusa*

Maolsheachlainn Ó Caollaí*

Leachlainn Ó Catháin*

Liam Ó Cuinneagáin*

Pádraig Ó Duibhir*

Gearóid Ó hEara (ó 5 Nollaig 2000)*

Cionnaith Ó Súilleabháin

(go 9 Samhain 2000)*

Séamus Ó Tonnaigh*

Dr. Philip Robinson**

Bríd Uí Néill*

Patrick Wall**

* Foras na Gaeilge

** Tha Boord o Ulstèr-Scotch



Board and staff members from The Language Body.
Comhaltaí Boird agus baill foirne ón bhForas Teanga

Comhaltaí Boird An Fhorais Teanga

Lord Laird of Artigarvan (Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch)

Maighréad Uí Mháirtín (Cathaoirleach Foras na Gaeilge)

Liam Corey*

Anne Craig*

Jim Devenney**

John Erskine**

Lyn Franks**

Dr. Linde Lunney**

Aodán Mac Póilín*

Gearóid Mac Siacais*

Gordon McCoy*

Patrick Mc Glone*

John McIntyre**

Treasa Ní Ailpín*

Jacqueline Ní Fhearghusa*

Maolsheachlainn Ó Caollaí*

Leachlainn Ó Catháin*

Liam Ó Cuinneagáin*

Pádraig Ó Duibhir*

Gearóid Ó hEara (ó 5 Nollaig 2000)*

Cionnaith Ó Súilleabháin

(go 9 Samhain 2000)*

Séamus Ó Tonnaigh*

Dr. Philip Robinson**

Bríd Uí Néill*

Patrick Wall**

* *Foras na Gaeilge*

** *Tha Boord o Ulstèr-Scotch*

JOINT INTRODUCTION COMHRÉAMHRÁ A THEGITHER FORETHOCHT

We are pleased to present the Annual Report and Accounts of The Language Body for the year 2000. The two constituent parts of The Language Body faced different challenges in their first year of operation. For Foras na Gaeilge, the challenge was how best to co-ordinate and consolidate the work of the formerly existing organisations of which it was constituted in order to forge an identity and presence for the new organisation on an all-island basis. The challenge faced by Tha Boord o Ulstèr-Scotch was altogether different: how to build an organisation which would for the first time take a facet of Ulster-Scots culture and hold this up to the light as part of the shared heritage of everyone on the island of Ireland.

To an extent this difference is obvious from the Reports herein from our individual organisations, but it must not be overlooked that The Language Body is greater than the sum of its parts. If the shared all-island remit of both our organisations represented a challenge to our imagination and resources, it also provided a new context which reaffirmed the value of what each of our organisations has to offer, namely, an insight into the cultural variety of the island of Ireland. The Language Body is unique among the implementation bodies established in 1999 by international agreement between the British and Irish Governments in that as a result of its very structure it exemplifies on a day to day basis the communication and co-operation which was envisaged in the whole cross-border project. It is in this vein that we have come thus far and we have learned much from each other. We have more to learn and further to travel and invite you most warmly to come along with us.

Jim Devenney

ACTING CHAIRMAN,
THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH

Maighréad Uí Mháirtín

CHAIRPERSON, FORAS NA GAEILGE

JOINT INTRODUCTION COMHRÉAMHRÁ A THEGITHER FORETHOCHT

Tá an-áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais An Fhorais Teanga don bhliain 2000 a chur i láthair. Maidir leis an dá eagraíocht ar comhchodanna den Fhoras Teanga iad, bhí orthu aghaidh a thabhairt ar dhá thasc a bhí an-éagsúil sa chéad bhliain ó bunaíodh iad. Ba é an dúshlán a bhí roimh Fhoras na Gaeilge conas an obair a bhí idir lámha ag na heagraíochtaí a bhí ann cheana a chomhordú agus a chomhtháthú chun íomhá agus láithreacht uile-oileánda a chruthú don eagraíocht nua. Dúshlán an-éagsúil a bhí roimh Tha Boord o Ulstèr-Scotch: conas eagraíocht a thógáil a chuirfeadh gné ar leith den chultúr Ultach-Albanach i láthair don phobal mar chuid den oidhreacht a bhaineann le gach aon duine ar an oileán.

Ar shlí, tá éagsúlacht na ndúshlán seo le haithint go soiléir ar na tuairiscí ar leith ón dá eagraíocht, ach thairis sin léiríonn An Foras Teanga gur fíor don seanfhocal ‘ní neart go cur le chéile’. Cinnte, d’éiligh an ról uile-oileánda ár gcuid acmhainní agus ár samhlaíocht, ach sholáthair sé comhthéacs úrnua dúinn, comhthéacs a d’athdheimhnigh a luachmhaire agus atá an dá eagraíocht, sa mhéid is go dtugann siad araon spléachadh ar ilghnéitheacht agus ar shaibhreas an chultúir ar an oileán seo. Tá An Foras Teanga eisceachtúil amach is amach ar na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoin gcomhaontú idirnáisiúnta idir Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann de bhrí go bhfioraíonn an struchtúr atá air fíis na cumarsáide agus an chomhoibrithe laethúla a chuir an tionscadal trasteorainn roimhe mar fhís i dtús ama. Sin an chaoi ar thángamar chomh fada leis seo agus tá neart foghlamtha againn óna chéile. Tá an bóthar ag síneadh amach romhainn agus neart comhrá eile le déanamh. Tá lánfháilte romhat siúl linn.

Jim Devenney

CATHAOIRLEACH GNÍOMHACH,
THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH

Maighréad Uí Mháirtín

CATHAOIRLEACH, FORAS NA GAEILGE





Foras na Gaeilge

Tuairisc Fhoras na Gaeilge

Report of Foras na Gaeilge



Maighréad Uí Mháirtín,
Cathaoirleach Foras na Gaeilge /
Chairperson of Foras na Gaeilge

Réamhrá an Chathaoirligh

‘Tús maith, leath na hoibre’.

Is minic a bhíonn seanfhocal cruinn. I gcás Foras na Gaeilge níl aon cheist ann ach go bhfuil tús maith déanta. Is é príomhchúram an Fhorais an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné den saol agus is léir ón méid atá sa tuairisc seo, go bhfuil an Foras tar éis tabhairt faoi seo go coinsiasach. I ngach gné d’obair an Fhorais, ón réimse stáit go dtí an Ghaeilge sna meáin chumarsáide, agus ó na healaíona Gaeilge go dtí an réimse pobail, tá dul chun cinn déanta. Agus sin ráite, tá sé soiléir go bhfuil go leor oibre fós le déanamh chun an Ghaeilge a chothú agus a neartú ar fud an oileáin.

Tá freagrachtaí fíorthábhachtacha curtha ag an dá rialtas ar an bhForas i leith chur chun cinn na Gaeilge. Chun fónamh do na freagrachtaí sin tá gá le heagraíocht láidir, le struchtúr nua agus le cur chuige úr. Chaitheamar cuid mhaith ama i mbliana ag déanamh staidéir ar riachtanais phobal na Gaeilge ar fud an oileáin. Anois tá idir chomhaltaí agus fheidhmeannas an Fhorais ag obair go dian lena chinntiú go mbeidh ar ár gcumas seirbhísí den scoth a chur ar fáil dár gcuid páirtnéirí, do na heagrais Ghaeilge agus don phobal i gcoitinne.

In ainneoin deacrachtaí agus éiginnteachtaí, bhí toradh fiúntach ar fheidhmiú an Fhorais go dtí seo, cé go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú agus gan ach 35 ball foirne againn faoi láthair. Nuair a bheidh an Foras ag feidhmiú mar atá leagtha síos dó beidh 65 fostaithe i dtrí oifig againn (dhá oifig i mBaile Átha Cliath agus oifig amháin i mBéal Feirste). Tá ag éirí leis an bhForas teacht i gcabhair ar thionscnaimh fhiúntacha don Ghaeilge, eagrais Ghaeilge a mhaoiniú agus páirtnéireachtaí nua a bhunú. Tá ag éirí chomh maith le gníomhaíochtaí an Fhorais féin.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí sin tá:

- maoiniú ar bhreis agus 20 eagrais thuaidh agus theas, breis agus 80 togra substaintiúil agus thart ar 360 miontionscnamh. Chaith an Foras thart ar IR£5m ar an gcúram seo i mbliana.
- feachtas fógraíochta a ndearna breis agus 5,000 duine teagmháil díreach leis an bhForas dá bharr. Aidhm eile a bhí ag an bhfeachtas seo ná meon an phobail i leith na Gaeilge a athrú.
- tosnú ar phleanáil chun an soláthar téacsleabhar agus áiseanna teagaisc Gaeilge a fhorbairt.
- planáil le haghaidh mórtionscnamh 5 bliana le foclóir nua Bearla-Gaeilge a fhoilsiú.
- moltaí polasaí a chur chun cinn i gcúrsaí Oideachais, Gaeltachta agus Ealaíona.
- bunú teagmhála leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, leis an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, le Bord na hUlaíse, le Comhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, leis na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus le raon leathan d’eagrais oifigiúla eile.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liomsa an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí an Fhorais, leis an bPríomhfheidhmeannach agus le foireann an Fhorais, leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus leis an gComhrúnaíocht Thuaidh / Theas as ucht na hoibre ar fad atá déanta acu le bliain anuas lena cinntiú go bhfuil bonn láidir faoin bhForas.

Maighréad Uí Mháirtín

Chairperson's Introduction

'A good beginning is half the work'

Proverbs are often accurate. In the case of Foras na Gaeilge a good beginning has undoubtedly been made. The main responsibility of Foras na Gaeilge is to promote the Irish language in every aspect of life and it is evident from the contents of this report that Foras na Gaeilge has undertaken to do this conscientiously. In every aspect of the work of An Foras, from the state sector to Irish in the media, and from the arts in Irish to the public sector, progress has been made. At the same time it is evident that there is a considerable amount of work still to be done in order to sustain and strengthen the Irish language on the island.

Responsibilities of the utmost importance regarding the promotion of Irish have been conferred by the two governments on An Foras. To carry out those responsibilities it is necessary to have a strong organisation, a new structure and a fresh approach. We spent a considerable amount of time during the year studying the needs of Irish speakers throughout the island. Now both board members and the executive of An Foras are working hard to ensure that we will be able to provide services of the highest quality to our partners, to the Irish language organisations and to the general public. In spite of difficulties and uncertainties, An Foras has achieved quite significant results while functioning with a staff of only 35. When An Foras will be functioning as intended there will be a staff of 65 in three offices, (two offices in Dublin and one in Belfast). The work of An Foras in aiding worthwhile Irish language projects and in funding Irish language organisations and in establishing new partnerships has been successful. The activities organised by An Foras itself have been equally successful.

The main activities of An Foras include :

- funding for in excess of 20 organisations north and south as well as over 80 substantive projects and 360 minor ventures. This was done at a cost of about IR£5m to An Foras this year.
- a publicity campaign which resulted in over 5,000 people making direct contact with An Foras. Another object of the campaign was to change the public attitude to the Irish language.
- planning initiatives on the development of the production of textbooks and Irish language teaching aids
- plans for a major 5 year project to publish a new English – Irish dictionary
- the promotion of policy recommendations in the field of Education, the Gaeltacht and the Arts
- contact with the Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and Islands, with the Department of Culture, Arts and Leisure, with the Boord o Ulstèr Scotch, with the Secretariat of the North/South Ministerial Council, with the other North/South Implementation Bodies, and with a wide range of other official bodies.

In conclusion, I would like to avail of this opportunity to thank the members of the board, the Chief Executive and the staff of An Foras, the Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and Islands, the Department of Culture, Arts and Leisure and the North / South Secretariat for the work they have done over the past year to ensure that an Foras is on a firm footing.

Maighréad Uí Mháirtín

An Réimse Cumarsáide, Pobail agus Gnó

Is iad na haidhmeanna a bhí sa réimse Cumarsáide,
Pobail agus Gnó don bhliain 2000 ná:

- Íomhá na Gaeilge agus íomhá an Fhorais a chur chun cinn ar oileán na hÉireann;
- réasúnaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur chun cinn a d'ardódh stádas na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann;
- cur chun cinn agus margaíocht éifeachtach na Gaeilge a chinntiú;
- líon lucht labhartha na Gaeilge ar fud an oileáin seo a mhéadú;
- deiseanna a chruthú do phobal na hÉireann chun an Ghaeilge a úsáid.

Communications, Community and Business

The aims of this sector for the year 2000 were

- to promote the image of the Irish language and the image of Foras na Gaeilge throughout the island of Ireland
- to develop and promote new rationales which will raise the status of Irish on the island of Ireland
- to ensure the promotion and efficient marketing of the Irish language
- to increase the number of Irish-speakers
- to create opportunities for the people of Ireland to speak Irish

An Réimse Cumarsáide

An Coimisiún um Raidió agus Theilifís Neamhspleách (IRTC)

Bunaíodh Grúpa Comhairleach don Ghaeilge i gcomhar leis an IRTC chun breathnú ar bhealaí le húsáid na Gaeilge a neartú san earnáil chraoltóireachta neamhspleách. D'ullmhaigh an grúpa seo tuairisc dar teideal *Cláracha Gaeilge in Earnáil na gCláracha Neamhspleacha* agus ghlac bord an Fhorais agus bord an IRTC leis agus leis na moltaí a rinneadh. Sheol an tAire Stáit ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Éamon Ó Cuív T.D., an tuairisc i mí na Nollag.

Grúpa oibre ar Chraolachán agus ar na Meáin

Cuireadh Grúpa Oibre ar chraolachán agus ar na meáin le chéile chun féachaint ar cheisteanna polasaí i leith cúrsaí craolacháin agus na meán. Tá ionadaíocht ar an ngrúpa seo ag bord an Fhorais agus ag an bhfeidhmeannas.



Buaiteoirí an chomórtais 'Aon Scéal?' le réaltaí ó Ros na Rún. Winners of the scriptwriting competition 'Aon Scéal?' with cast members from Ros na Rún.

Communications

The Independent Radio and Television Commission. (IRTC)

The Irish Language Advisory Group was set up in conjunction with the IRTC to examine ways to promote the use of Irish in the independent broadcasting sector. This group prepared a report entitled *Language Programming in the Independent Broadcasting Sector* and both the report and its recommendations were approved by the board of an Foras and by the board of the IRTC. The Minister of State in the Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and Islands, Éamon Ó Cuív T.D. launched the report in December.

The working group on broadcasting and the media

A working group on broadcasting and the media was formed to study questions of policy in broadcasting and the media. The board of an Foras and the executive are represented in the group.

Caidreamh leis na meáin

Bhí teagmháil rialta ag an bhForas leis na meáin Ghaeilge náisiúnta agus áitiúla. Is gné fhíorthábhachtach é seo d'obair an Fhorais mar is tríd an teagmháil seo a dhéantar eolas faoi obair an Fhorais agus faoi ghníomhaíochtaí eile Gaeilge a scaipeadh.

Urraíocht

Ar na himeachtaí a fuair urraíocht ón bhForas i mbliana bhí Craobh Chamógaíochta na hÉireann, Foras na Gaeilge Champion Stakes agus Féile an Phobail i mBéal Feirste. Cuireadh roinnt mhaith mionurraíochta ar fáil chomh maith d'ócáidí agus do ghníomhaíochtaí eile timpeall na tíre, m.sh. The Irish Veteran and Vintage Car Rally, leabhrán Gaeilge The Irish Rovers agus Fleadh Cheoil na hÉireann.



An Taoiseach, Bertie Ahern TD,
le Maighréad Uí Mháirtín,
Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge
agus Pádhraichín Ní Raifeartaigh,
Uachtarán Chumann
Camógaíochta na hÉireann.

An Taoiseach, Bertie Ahern TD,
with Maighréad Uí Mháirtín,
Chairperson of Foras na Gaeilge
and Pádhraichín Ní Raifeartaigh,
President of Cumann
Camógaíochta na hÉireann.

Relations with the media

An Foras was in regular contact with the Irish language media and the national and local media. This is an important part of the work of an Foras as it is through these contacts that information on the work of an Foras is disseminated.

Sponsorship

Among the events sponsored by Foras na Gaeilge this year were the All-Ireland Camogie Final, the Foras na Gaeilge Champion Stakes and Féile an Phobail, Belfast. Minor sponsorship was also given to a considerable number of events and activities around the country e.g. the Irish Veteran and Vintage Car Rally, The Irish Rovers' games booklet and Fleadh Cheoil na hÉireann.

Seastáin Eolais an Fhorais

Bhí seastán eolais ag an bhForas ag raon leathan ócáidí i mbliana agus ina measc bhí taispeántas FÁS san RDS i mBaile Átha Cliath, Ard-Fheis Fhianna Fáil, Fleadh Cheoil na hÉireann in Inis Córthaidh, lá oscailte do dhaltáí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh, Comhdháil Bhliantúil Ard-Chomhairle na gContaetha, Féile Ghaelach Milwaukee agus comhdhála Chumann Múinteoirí Éireann (INTO) agus Chumann na Meánmhúinteoirí (ASTI).

Feachtas Fógraíochta 2000

D'eagraigh an Foras feachtas fógraíochta teilifíse agus raidió ar fud an oileáin ag deireadh 2000. Is é an aidhm a bhí leis ná Foras na Gaeilge a chur os comhair an phobail mar eagras nua agus eolas a scaipeadh ar an bpobal thuaidh agus theas maidir le gnéithe éagsúla de shaol na Gaeilge. Rinneadh fógraíocht thar thréimhse cúig seachtaine ar RTÉ, Network 2, TV3, TG4, UTV, Channel 4, Sky 1, Sky News agus ar na stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla, thuaidh agus theas. De thoradh an fheachtais rinne breis is 5,000 duine teagmháil leis an bhForas ag lorg breis eolais i dtaca leis an nGaeilge agus le seirbhísí an Fhorais.

Nuachtán Seachtainiúil Gaeilge

De thoradh comórtais phoiblí bhronn Foras na Gaeilge conradh nua chun nuachtán seachtainiúil Gaeilge a fhoilsiú ar Mhóinear Teo. le haghaidh foilsíú *Foinse*. Tugadh deontas chomh maith don chomhlacht 'Nuachtáin' chun an nuachtán LÁ a fhorbairt.

Foras Information Stands

An Foras had an information stand at a wide range of events this year including the FÁS exhibition in the RDS, the Fianna Fáil Ard-Fheis, Fleadh Cheoil na hÉireann in Enniscorthy, the Open Day for the pupils of the Galway-Mayo Institute of Technology in Castlebar, the General Meeting of the County Councils, Féile Ghaelach Milwaukee and the INTO and the ASTI conferences.

Advertising campaign 2000

An Foras organised a TV and radio advertising campaign on an all-Ireland basis at the end of 2000. Its aim was to present Foras na Gaeilge to the public as a new organisation and to inform the public, both north and south, about various aspects of the Irish language. The campaign was conducted over a period of 5 weeks on RTÉ, Network 2, TV3, TG4, UTV, Channel 4, Sky 1, Sky News and on national and local radio networks both north and south. As a result of this campaign more than 5000 people contacted an Foras seeking further information about Foras na Gaeilge and, the Irish language in general.

Irish weekly newspaper

As the result of an open competition Foras na Gaeilge awarded a new contract to publish an Irish weekly newspaper to Móinear Teo. to publish *Foinse*. In addition a grant was given to 'Nuachtáin' to develop the newspaper *LÁ*.

Comhar

Ar iarratas ón bhForas rinne FIONTAR in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath measúnú ar an iris Comhar agus beidh torthaí an mheasúnaithe seo ar fáil in 2001.

Comórtas “Aon Scéal”

Eagraíodh comórtas Aon Scéal d’iarbhunscoileanna i gcomhar le EO Teo., Léirithe Thír Eoghain agus TG4, bunaithe ar charachtair sa sobaldráma Ros na Rún. Fuarthas thart ar 300 iarratas ó scoileanna ar fud an oileáin.

An Réimse Pobail

Maoiniú seachtrach

Ceann de phríomhchúraimí an Fhorais is ea maoiniú a dhéanamh ar na heagrais Ghaeilge mar aon le measúnú agus monatóireacht ar an gcaiteachas sin. Le linn 2000 rinneadh maoiniú ar bhreis agus 20 eagrais, thuaidh agus theas. Chomh maith leis sin, maoiníodh breis agus 80 togra substaintiúil ina raibh an bhéim ar dheiseanna a chur ar fáil d’úsáid na Gaeilge – ó Oifig Fhorbartha Ghaeilge a mhaoiniú go caiteachas caipitil a dheonadh.

Comórtas na mBailte Slachtmhara

Bhronn an Foras, i gcomhar le Comórtas na mBailte Slachtmhara, duais 2000 ar an éadan siopa is fearr dearadh i nGaeilge / dátheangach ar Shiopa Uí Ghealbháin i Lios Tuathail, Co. Chiarraí

An Réimse Gnó

An Pacáiste Comharthaíochta

Cuireadh pacáiste comharthaíochta le chéile agus sheol an tUasal Seán Ó hUiginn, Ambasadóir na hÉireann do Stáit Aontaithe Mheiriceá, ag Oireachtas na Samhna i mbliana é. Is pacáiste é seo ina bhfuil ceithre chomhartha dhéag atá dírithe ar chomhlachtaí agus ar ghnólachtaí beaga.

Gnó

Cuireadh aistriúchán agus comhairle maidir le hábhar dátheangach ar fáil do raon leathan grúpaí agus ina measc bhí Superquinn, Tesco Ireland, Polymath Bookstore, Gaelite Signs agus go leor gnólachtaí eile. Cuireadh tús le hobair ar lámhleabhar nua chun cabhrú le miondioltóirí an dátheangachas a chur chun cinn.



Niall Quinn ag seoladh an chomórtais ‘Iomáint Intí’ a bhí urraithe ag Foras na Gaeilge.

Niall Quinn launching an indoor hurling competition sponsored by Foras na Gaeilge

Comhar

At the request of Foras na Gaeilge, FIONTAR in Dublin City University carried out an assessment of Comhar magazine, the results of which will be available in 2001.

“Aon Scéal” Competition

The competition for post-primary schools based on characters from the soap ‘Ros na Rún’ was organised in conjunction with Eo Teo., Tyrone Productions and TG4. Entries were received from about 300 schools throughout the country.

Community

External funding

One of the main responsibilities of an Foras is to fund the Irish language organisations, and to monitor and assess that funding. During the year, funding was given to over 20 organisations north and south. Funding was also provided for over 80 substantial projects which laid emphasis on providing opportunities for the use of Irish, projects which ranged from funding Language Development Officers to capital funding grants.

The Tidy Towns Competition

An Foras in conjunction with the Tidy Towns Competition awarded the prize for the best-designed Irish / bilingual shop front to Siopa Uí Ghealbháin in Listowel, Co. Kerry.

The Business Sector

Signage package

A package of 14 signs in Irish which could be used by companies and small businesses was produced, and was launched by Seán Ó hUiginn, the Irish Ambassador to the United States of America at the Oireachtas in November.

Business

Translation and advice about bilingual material were provided to a wide range of groups which included Superquinn, Tesco Ireland, Polymath Bookstore, Gaelite Signs and many other businesses. Work commenced on a new handbook designed to help retailers promote bilingualism.

An Réimse Oideachais

Tá sé mar aidhm ag Foras na Gaeilge tacaíocht a thabhairt don oideachas trí mheán na Gaeilge agus do mhúineadh agus d'fhoghlaim éifeachtach na Gaeilge chun cur lena húsáid mar mheán cumarsáide.

Chuiqe seo spreagann an rannóg oideachais tionscnaimh i réimse leathan imeachtaí oideachasúla agus cuireann sí maoiniú ar fáil dóibh i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile.

Sa bhliain 2000 cuireadh béim ar leith ar dhíriú airde ar sholáthar acmhainní teagaisc, agus go háirithe ar an easpa bogearraí digiteacha atá ar fáil chun úsáid teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a mhéadú ar mhaithe le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus múineadh agus foghlaim éifeachtach na Gaeilge mar ábhar. Ní fhéadfaí é sin a dhéanamh gan ionchur leanúnach i rith na bliana ón Ionad Náisiúnta Oideachais Theicneolaíoch (NCTE) agus tá Foras na Gaeilge buíoch díobh as ucht an chomhoibrithe seo.

Forbairt Acmhainní teagaisc agus foghlama

An Ghaeilge i dTeicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide

D'eagraigh an Rannóg Oideachais an Siompóisiam Idirnáisiúnta 'Digiscoil' i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta Oideachais Theicneolaíoch ar 11 Samhain 2000 chun an Ghaeilge a fhorbairt ar bhonn foirfe i gcomhthéacs teicneolaíocht an eolais / na cumarsáide. Tháinig múinteoirí, saineolaithe curaclam agus teicneolaíochta, soláthróirí bogearraí agus ionadaithe ó eagrais Ghaeilge le chéile chun an t-ábhar tábhachtach seo a iniúchadh. Rinneadh moltaí chun bearnaí sa réimse a líonadh agus chun bogearraí cuí Gaeilge do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a sholáthar. Is iad na príomh-mholtaí a tháinig chun cinn ná:

- spreagadh a thabhairt d'fhorbairt ábhar digiteach nua;
- acmhainní atá ann cheana féin a oiriúnú don Ghaeilge, le hionchur ón raon is leithne páirtithe sa réimse;
- grúpa pleanála / oibre saineolaithe a bhunú.

*Maighréad Uí Mháirtín,
Cathaoirleach Foras na Gaeilge,
ag bualadh le hionadaithe ó
Ghaeilíúint agus ó
ghaelscoileanna i dTuaisceart
Éireann.*

*Maighréad Uí Mháirtín,
Chairperson of Foras na Gaeilge,
meeting representatives of
Gaeloiliúint and Irish-medium
schools in Northern Ireland.*



Education

Foras na Gaeilge aims to support Irish medium education, as well as the efficient teaching and learning of Irish so that its use as a means of communication will increase.

To achieve this a wide range of educational projects are encouraged and, in conjunction with other organisations, funding is provided for them.

In the year 2000 emphasis was put on the provision of teaching aids. Attention was drawn to the lack of digital software which would increase the use of information and communication technology for the benefit of Irish medium education, and of efficient teaching and learning of Irish as a subject. This could not have been done without the continuous input throughout the year of the National Centre for Technology in Education (NCTE), and Foras na Gaeilge is grateful for its co-operation.

The Development of Teaching and Learning Aids

Irish in Information and Communication Technology

The International Symposium Digiscoil was organised in conjunction with NCTE on 11 November 2000 to perfect the development of Irish in the context of information/communication technology. Teachers, experts on curriculum and technology, soft-ware providers and representatives of the Irish language organisations met to examine this important subject. Recommendations were made to fill the gaps in this field and to provide suitable soft-ware in Irish for primary and post-primary schools. The principal recommendations were

- to encourage the development of new digital material
- to adapt existing resources, with input from the widest range of those working in this field
- to set up a planning/work group of experts

Bhí comhoibriú leanúnach idir Foras na Gaeilge agus an tIonad Náisiúnta Oideachais Theicneolaíoch (NCTE) i leith Scoilnet, láithreán oideachais an Iona. Bhí ionchur ag an bhForas freisin i seimineár lae a d'eagraigh Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) i gColáiste Chaoimhín d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar 4 Márta. Ghlac an Foras páirt freisin sa Chomhdháil 'Ó Leacra go Líonra' 21- 23 Meán Fómhair, a d'eagraigh Ollscoil na hÉireann, Corcaigh; agus labhair ionadaí ón rannóg faoi fhoinsí urraíochta / deontas d'fhorbairt acmhainní múinte teanga ríomhchuidithe.

Tacaíocht do na hEagraíochtaí oideachasúla Gaeilge

Lean an rannóg ag tabhairt tacaíochta agus maoinithe don Chomhchoiste Réamhscolaíochta, do Gaelscoileanna agus do Chomhar na Múinteoirí Gaeilge. Cuireadh maoiniú breise ar fáil do Gaelscoileanna chun oifigigh fhorbartha áitiúla a fhostú chun comhoibriú a chothú idir scoileanna. Cuireadh maoiniú breise ar fáil i gcás Chomhar na Múinteoirí Gaeilge chomh maith chun comhairleoirí páirteimeartha a fhostú mar thacaíocht do mhúinteoirí Gaeilge in iarbunscoileanna ar fud an oileáin.

Tacaíocht d'Imeachtaí agus do Ghníomhaíochtaí oideachasúla

Bhí an rannóg ar fáil mar chrann taca do ghníomhaíochtaí agus d'imeachtaí oideachasúla ar fud

an oileáin agus cuireadh maoiniú, comhairle agus áiseanna teagaisc agus foghlama ar fáil d'institiúidí oideachasúla ar gach leibhéal.

An tÁisaonad Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire, Béal Feirste

Soláthraíonn an tÁisaonad áiseanna teagaisc don mhúineadh agus don fhoghlaím trí mheán na Gaeilge sa Tuaisceart agus cuireadh maoiniú ar fáil chuige sin.

Lárionad Acmhainní Bhaile Bhuirne

Ullmhaíodh aighneas agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta é i dtaca leis an eagraíocht atá le bunú faoi Alt 31 den Acht Oideachais agus faoin aonad áiseanna i mBaile Bhuirne, Co. Chorcaí.

An Réamhscolaíocht

I bhfianaise a thábhachtaí is atá sé soláthar réamhscolaíochta Gaeilge den chaighdeán is airde a bheith ar fáil go forleathan, bheartaigh an Foras an réimse seo a fhorbairt go mór. Is páirtí é an Foras sa Chomhchoiste Réamhscolaíochta agus aithnítear an obair éachtach atá déanta ag an gComhchoiste le fiche bliain anuas.

There was continuous co-operation between Foras na Gaeilge and NCTE regarding Scoilnet, the Centre's educational website. An Foras also had input in a seminar organised by the Irish Linguistics Institute in the Kevin St College of the Dublin Institute of Technology on 4 March. An Foras also participated in the conference 'Ó Leacra go Líonra' organised by the University of Ireland Cork, from 21-23 September and a talk was given on sponsorship / grants for the development of computer-aided language teaching resources.

Support for Irish language educational organisations

Support and funding for An Comhchoiste Réamhscolaíochta, Gaelscoileanna and Comhar na Múinteoirí Gaeilge was continued. Gaelscoileanna was given additional funding to employ development officers to promote co-operation between schools. Additional funding was also given to Comhar na Múinteoirí Gaeilge to employ part-time advisors as a support for teachers of Irish throughout the island.

Support for educational events and agencies

The education sector was available as a support for educational activities and events throughout the island and advice, funding and teaching and learning aids were provided for educational institutions, schools, at all levels .

The Teaching-Aids Unit in St Mary's College Belfast

Funding was given to this unit which provides teaching-aids for both teaching and learning through the medium of Irish in Northern Ireland.

The Resource Centre, Baile Bhuirne

A submission was prepared and submitted to the Department of Education and Science regarding the body to be set up under Article 31 of the Education Act and the educational aids unit in Baile Bhuirne, Co Cork.

Pre-schooling

In view of the importance of the need for widespread provision of the highest standard of pre-schooling in Irish, an Foras decided to develop this area on a large scale. An Foras is a partner in An Chomhchoiste Réamhscolaíochta, and recognises the remarkable work done by An Chomhchoiste in the last twenty years.

Tar éis cainteanna leis na heagrais atá ag obair sa réimse seo, rinneadh measúnú ar riachtanais na réamhscolaíochta agus leagadh amach cur chuige nua don todhchaí. Ghlac bord an Fhorais leis an moladh go mbunófaí eagrais nua, agus chuaigh an feidhmeannas i mbun na socrúithe chun an plean a chur i bhfeidhm, m.sh. réitíodh na cáipéisí dlíthiúla chun an t-eagrais nua a chlárú agus lorgaíodh ainmniúcháin ó na heagrais a bhí gníomhach sa réimse seo cheana féin, mar shampla, Údarás na Gaeltachta, Na Naíonraí Gaelacha, Altram. I ngeall ar chostas mór na scéime a bhí beartaithe b'éigean cead na Comhairle Aireachta Thuaidh / Theas a lorg agus fuarthas sin i mí na Nollag.

An Bunleibhéal

Tacaíocht do bhunscoileanna lán-Ghaeilge neamhathleanta

Aithníonn Foras na Gaeilge go mbíonn deacrachtaí ar leith ag baint leis an tréimhse nuair nach mbíonn

aithneas oifigiúil stáit ag scoileanna nuabhunaithe. Chuir an rannóg maoiniú ar fáil do 10 bunscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann chun suímh a ullmhú agus chun aonaid réamhdhéanta a shuíomh orthu le húsáid mar sheomraí ranga.

Cumann Múinteoirí na hÉireann

Bíonn comhoibriú leanúnach ar siúl idir an Foras agus Cumann Múinteoirí na hÉireann (INTO). D'eagraigh INTO dhá scoil shamhraidh Ghaeilge do mhúinteoirí bunscoile chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Lena linn sin tugadh léiriú ar obair an Fhorais i leith chur chun cinn na teanga sa réimse oideachais. Tugadh léiriú den chineál céanna le linn cúrsa samhraidh Gaeilge de chuid an INTO ar An Leacht, Co. an Chláir.

An tIarlabhunleibhéal

Aonad nua lán-Ghaeilge i gColáiste na Sceilge

Tugadh tacaíocht don aonad lán-Ghaelach seo trí ghníomhaíochtaí gaelacha a chur ar fáil do pháistí bunscoile i gceantar abhantrach Choláiste na Sceilge, mar aon le ranganna Gaeilge dá gcuid tuismitheoirí, agus áiseanna foghlama do dhaltai scoile an aonaid a bhí sa chéad bhliain i scoil nua.

Comhdháil bhliantúil Chumann Meánmhúinteoirí na hÉireann (ASTI)

Bhí seastán eolais do mhúinteoirí ina chuid de thaispeántas ASTI i gCill Áirne le linn a chomhdhála bliantúla. Bhí deis ag múinteoirí eolas a fháil ar an tacaíocht agus ar an gcúnamh atá le fáil ón bhForas.



Mícheál Ó Máirtín, Aire Oideachais agus Eolaíochta, (ar dheis) agus Mícheál Ó Gruagáin, le hAobheann Nic Clúin, buaiteoir Duais Speisialta Fhorais na Gaeilge, An tEolaí Óg.

Minister for Education and Science, Michael Martin TD (at right), and CEO of Foras na Gaeilge, Mícheál Ó Gruagáin with hAobheann Nic Clúin, winner of Foras na Gaeilge's Special Award at the ESAT Young Scientist and Technology Exhibition.

Following discussions with the organisations working in this area, the needs for pre-schooling were assessed and a new approach for the future was laid down. The board of an Foras approved the recommendation that a new body be founded, and the executive set about implementing the plan, e.g. legal documents to register the organisation were prepared and nominations were sought from organisations to be represented on the new body, organisations such as Údarás na Gaeltachta, Na Naíonraí Gaelacha, and Altram. Because of the high cost of the planned scheme it was necessary to seek permission from the North/South Ministerial Council and this was obtained in December.

Primary level

Support for unrecognised all-Irish primary schools

Foras na Gaeilge recognises the difficulties that newly-founded schools have in the period before official recognition from the state. Funding was provided for 10 all-Irish primary schools in Northern Ireland to prepare sites and to put in place prefabricated units to be used as classrooms.

The Irish National Teachers' Organisation

There is continuous co-operation between an Foras and the Irish National Teachers' Organisation (INTO). The INTO organised two summer schools to help primary school teachers improve their Irish. During these, an account was given of the work of an Foras in promoting Irish in the field of education. A similar talk was also given at an INTO summer course in Irish in Lahinch, Co Clare.

Post-primary level

All-Irish unit in Coláiste na Sceilge

Support was given to this all-Irish unit by providing Irish activities for primary school children in the catchment area of Coláiste na Sceilge, as well as Irish classes for their parents, and learning aids for the pupils of the unit who were in their first year at a new school.

ASTI Annual Conference

Teachers were given the opportunity to obtain information on the support and help provided by an Foras at the information stand at the ASTI annual conference held this year in Killarney.

An Tríú Leibhéal

Bíonn an rannóg oideachais gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge in institiúidí tríú leibhéal trí oifigigh na Gaeilge labhartha. Seo roinnt samplaí de na gníomhaíochtaí a bhí ar bun i rith na bliana:

Thug ionadaí ón rannóg ceann de na léachtaí do mhic léinn sheachtracha sa chúrsa Gaeilge Fheidhmeach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Chuaigh Foras na Gaeilge i bpáirt le Gael Linn agus le hAontas na Mac Léinn in Éirinn chun Féile Ghaeilge deireadh seachtaine, 'Idir Shúgradh agus Dháiríre', a reáchtáil do mhic léinn i gcoláistí ar an tríú leibhéal ar fud an oileáin. Tionóladh é i nGaillimh ar 10-12 Márta.

Bhí seastán eolais ag Foras na Gaeilge mar chuid d'fhéile na dteangacha in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe Mhaigh Eo i gCaisleán an Bharraigh ar 22 Márta.

Aosoideachas

Tugadh tacaíocht, idir chomhairle agus mhaoiniú, d'imeachtaí agus do ghníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc foghlaimeoirí aosacha, agus cuireadh eolas ar chúrsaí Gaeilge – ón mbunachar sonraí atá curtha le chéile sa rannóg – ar fáil don phobal de réir éilimh, rud a thug deis chun an Ghaeilge a fhoghlaim nó í a labhairt / chleachtadh.

Third level

An Foras actively promotes Irish in third level institutes through the Irish language officers. Below are some examples of activities during the year:

A lecture was given to extern students on the Gaeilge Fheidhmeach course at University College Cork.

Foras na Gaeilge in conjunction with Gael Linn and the Students Union of Ireland organised an Irish week-end festival, Idir Shúgradh agus Dáiríre for third level students on an all-Ireland basis. The festival was held in Galway from 10-12 March.

Foras na Gaeilge had an information stand for Lá na Gaeilge as part of the language festival in the Galway-Mayo Institute of Technology in Castlebar on 22 March.

Adult Education

Support in the form of advice and funding was given to activities to promote Irish among adult learners and Information from the sector's data-base on Irish courses and classes for learners, and opportunities to speak/practice Irish, was given to the public on demand.

Aontas

Ag tús Mheán Fómhair san RDS i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath, le linn taispeántais Aontas 2000, tugadh eolas faoin aosoideachas don phobal ó sheastán Fhoras na Gaeilge.

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta

Tugadh maoiniú don Chomhairle chun leagan Gaeilge de dhlúthdhiosca inléite do-athraithe mar áis do pháistí chun tuiscint níos fearr a bheith acu ar an aosú.

An Réimse Ealaíon, Cultúir agus Oidhreacht

Díríonn an rannóg seo ar an nGaeilge a chur chun cinn in eagrais agus in institiúidí oidhreacht agus cultúrtha ar fud na tíre agus ar thionscnaimh a bhaineann leis na healaíona Gaeilge.



Aontas

At the beginning of September in the RDS Ballsbridge, Dublin, during the Aontas 2000 exhibition, information on adult education was given to the public from the Foras na Gaeilge stand.

The National Council for Ageing and Older People

Funding was given to the Council to produce an Irish language version of a compact disk (CD ROM) to help children have a better understanding of ageing.

Arts, Culture and Heritage

Work in this area is concentrated on the promotion of Irish in cultural and heritage organisations and institutions throughout the country and on arts initiatives in the Irish language.

Máire Éilís Ní Fhlatharta agus Deirdre Learmont, réaltaí ó Ros na Rún, le buaiteoirí an chomórtais 'Aon Scéal?'

Máire Éilís Ní Fhlatharta and Deirdre Learmont, stars of Ros na Rún, with winners of the 'Aon Scéal?' scriptwriting competition.

Éist Arís!

Eisíodh an dlúthdhiosca *Éist Arís* mar chomhthionscnamh idir Ceiríníní Dara agus Foras na Gaeilge. Tá amhránaithe cáiliúla air ón tuaisceart, ón deisceart agus ó Albain, agus idir amhráin thraidisiúnta agus nua-chumtha á gcanadh acu. I measc na n-amhránaithe tá Brian Kennedy, Mary agus Frances Black, Paul Brady, Clannad, Capercaillie, Altan, Mary Chapin Carpenter, Dolores Keane agus Liam Ó Maonlaí. Rinneadh an réamhobair chun ceolchoirmeacha a eagrú do Mhárta 2001 i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, ina mbeadh amhránaithe an albain rannpháirteach.

Iomairt Cholm Cille

Tionscnamh atá in Iomairt Cholm Cille, a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht a chothú don Ghaeilge in Albain agus in Éirinn, thuaidh agus theas, agus caidreamh a neartú idir Gaeil na hAlban agus Gaeil na hÉireann.

An Coiste Idirnáisiúnta

Reáchtáladh 6 chruinniú den Choiste Idirnáisiúnta le linn na bliana in ionaid éagsúla thuaidh agus theas

agus in Albain. Ar an gcoiste seo tá ionadaithe ón trí réigiún – Poblacht na hÉireann, Tuaisceart na hÉireann agus Albain - ina measc an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Foras na Gaeilge agus Oifig na hAlbain.

Parlaimint na nÓg

Ceann de na mórócáidí bliantúla a reáchtáladh Iomairt Cholm Cille í Parlaimint na nÓg. Reáchtáladh seachtain d'imeachtaí i Halla na Cathrach agus i gColáiste Mhic Aoidh, Doire, ar 15-19 Márta 2000. D'fhreastail c. 50 mac léinn as Albain agus as Éirinn ar Pharlaimint na nÓg agus bhí os cionn 200 duine i láthair ag ceolchoirm na hIomairte. I measc na n-aíonna a bhí i láthair don Fhéile bhí Éamonn Ó Cuív, T.D., Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Brian Wilson MP, Aire in Oifig na hAlban, Alisdair Morrison MSP, Aire na Gaidhlighe agus George Howarth MP, Rúnaí Parlaiminte i dTuaisceart Éireann.

Féile Ealaíon ar an Oileán Scítheanach

D'fhreastail Donald Dewar MP, Príomh-Aire na hAlban (nach maireann), ar Fhéile Ealaíon 2000 ar Oileán Scítheanach ar 4-9 Meán Fómhair, féile eile a eagraíodh faoi scáth na hIomairte.



An tAire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Máire Ní Ainifín TD, ag seoladh campa samhraidh a d'eagraigh Bord Chontae Átha Cliath, CLG, urraithe ag Foras na Gaeilge.

Minister for State at the Department of Health and Children, Mary Hanafin TD, launching a summer camp organised by the Dublin County Board, GAA, sponsored by Foras na Gaeilge.

Éist Arís!

The CD *Éist Arís!* was issued as a joint project between Ceiríníní Dara and Foras na Gaeilge. The disk features famous singers from the north and south of Ireland and from Scotland, with both traditional and new compositions. The singers include Brian Kennedy, Mary and Frances Black, Paul Brady, Clannad, Capercaillie, Altan, Mary Chapin Carpenter, Dolores Keane and Liam Ó Maonlaí. Preliminary work was undertaken to organise concerts in Dublin and Belfast planned for March 2001, in which the singers on the album would participate.

Iomairt Cholm Cille

Iomairt Cholm Cille is a project to foster support for the Gaelic language in Scotland and in Ireland, north and south, and to strengthen contact between Irish speakers and Scottish Gaelic speakers.

The International Committee

Six meetings of the International Committee were held in different venues, north and south, and in

Scotland during the year. This committee consists of representatives from the three regions – the Republic of Ireland, Northern Ireland and Scotland, and representatives from The Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands, The Department of Culture, Arts and Leisure, Foras na Gaeilge and the Scottish Office are all involved.

Parlaimint na nÓg

Parlaimint na nÓg is one of the important annual occasions organised by Iomairt. A week of events was organised in the City Hall and in Magee College, Derry from 15-19 March 2000. About 50 students from Scotland and Ireland attended Parlaimint na nÓg and over 200 were present at the Iomairt concert. Among the guests present at the festival were Éamonn Ó Cuív, TD, Minister of State in the Department of Arts Heritage, Gaeltacht and Islands, Brian Wilson MP, Minister in the Scotland Office, Alisdair Morrison MSP, and Minister for Scottish Gaelic agus George Howarth MP, Parliamentary Secretary in Northern Ireland.

The Skye Arts Festival

The late Donald Dewar MP, First Minister for Scotland attended the Arts Festival 2000 on the island of Skye on 4-9 September, a festival organised under the auspices of Iomairt.

Scéim na mBeathaisnéisí

Seoladh *Iomramh Aonair*, beathaisnéis Bhreandáin Uí Eithir, scríofa ag Liam Mac Con Iomaire ar 9 Samhain 2000 i mBaile Átha Cliath. Foras na Gaeilge a choimisiúnaigh an bheathaisnéis faoin scéim seo. Beidh an dara cló á chur ar an leabhar go luath i 2001. Cuireadh moltaí chun scéim na mBeathaisnéisí a fhorbairt faoi bhráid an bhoird ar 6 Nollaig 2000 agus glacadh leo.

Cuairt Uachtarán na hÉireann

Thug Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, cuairt ar Cheannáras an Fhorais ar an 12 Meitheamh 2000, áit ar sheol sí an leabhar, *Fearann Pinn - filíocht 1990-1999*, curtha in eagar ag Gréagóir Ó Dúill agus foilsithe ag Coiscéim.

Aighneachtaí maidir le Pleanáil do na hEalaíona Gaeilge

Cuireadh dhá aighneacht le chéile ar na riachtanais a bhaineann le forbairt na n-ealaíon Gaeilge faoi bhráid an dá Chomhairle Ealaíon thuaidh agus theas.

Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann

Bhí réamhphlé ann maidir le taighde ar na healaíona Gaeilge sa tuaisceart agus a gcuid riachtanas, i gcomhar le Bord na hUltaise, d'fonn teacht ar straitéis nua le measúnú agus forbairt a dhéanamh orthu.

Seimineár maidir le Cúrsaí Foclóireachta

Reachtáladh seimineár ar an téama Foclóireacht agus Téarmaíocht na Gaeilge ar 28-29 Aibreán 2000. Cinneadh gur gá:

- eolas críochnúil a bhailiú ar bhunachair Ghaeilge agus, oiread agus is féidir, iad a thiomsú in aon mhórbhunachar i gcomhair fhoclóireacht na Gaeilge
- breith chuimsitheach a thabhairt ar na tionscnaimh fhoclóireachta atá ann agus a gcuid riachtanas maoinithe a mheas dá réir sin
- a mheas arbh fhiú foclóir de Bhaldraithe a leasú mar shocrú gearrthéarmach
- tús a chur leis an obair chun foclóirí nua Béarla-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla ar ardchaighdeán a chur ar fáil in ionad foclóirí de Bhaldraithe agus Uí Dhónaill.

Ag éirí as tuairisc a cuireadh ar fáil don Fhoras, bunaíodh grúpa chun scrúdú a dhéanamh ar an tionscnamh seo. Tá na príomh-mholtaí atá déanta aige le fáil sa tuairisc ar obair an Ghúim.

An Drámaíocht

Bhí plé leanúnach ann le hAisling Ghéar, le hAmharclann de hÍde, le Graffiti, leis An Taibhdhearc agus leis an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta, maidir lena gcuid léirithe agus maidir le cur chun cinn na drámaíochta Gaeilge. Pléadh, leis, féidearthachtaí faoi lárionad drámaíochta a bhunú i lár na príomhchathrach.

The Biography Scheme

Iomramh Aonair, the biography of Breandán Ó hEithir, commissioned by Foras na Gaeilge and written by Liam Mac Con Iomaire, was launched on 9 November 2000 in Dublin. A second print-run is to be printed early in 2001. Recommendations for developing the biographies' scheme were prepared for submission to the board on 6 December 2000 and were accepted.

The President of Ireland's visit

The President of Ireland, Máire Mhic Ghiolla Íosa, visited an Foras headquarters on the 12th June, where she launched *Fearann Pinn - filíocht 1990-1999*, the poetry collection edited by Gréagóir Ó Dúill and published by Coiscéim.

Submissions on planning for the arts in Irish

Two submissions on the requirements for the development of the arts in Irish were presented to the Arts Councils in the north and south.

The Northern Ireland Arts Council

There were preliminary discussions with Tha Boord o Ulster-Scotch and the Northern Ireland Arts Council on research on the Arts in Irish and in Ulster-Scotch in the north and their requirements.

Seminar on Lexicography

At the seminar 'Foclóireacht agus Téarmaíocht na Gaeilge' (Lexicography and Terminology in Irish) held on 28-29 April 2000, it was decided that it was necessary:

- to gather all available information on data-bases of the Irish language and to combine them into one general data-base for Irish lexicography
- to make a comprehensive judgement on the lexicographical projects already operating and to assess their financial requirements accordingly
- to consider whether it would be worthwhile to up-date Foclóir de Bhaldraithe as a short-term measure
- to commence the work on the provision of new quality English-Irish and Irish-English dictionaries in place of the de Bhaldraithe and Ó Dónaill dictionaries.

After a report had been presented to An Foras a group was set up to examine the project. The principal recommendations made by the group can be read in the report on the work of An Gúm.

Drama

There were continuous discussions with Aisling Géar, Amharclann de hÍde, Graffiti, An Taibhdhearc and An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta regarding their productions and the promotion of drama in Irish. The possibility of establishing a drama centre in Dublin city centre was also discussed.

Comhthionscnaimh le Bord na hUltaise.

Moladh roinnt comhthionscnamh idir An Foras agus Bord na hUltaise ag cruinniú idir an dá bhord i gColáiste na Tríonóide ar 30 Meitheamh 2000. Ina measc bhí cúrsaí cleamaireachta agus bhí an dá eagrais rannpháirteach i seimineár ar an gcleamaireacht in Inis Ceithleann i Mí na Nollag 2000.

Seirbhís Aistriúcháin

Cuireadh seirbhís ar fáil do líon teoranta Ranna agus Eagraíochtaí Stáit, ina measc An Gailearaí Náisiúnta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Dlí agus Cirt, na Boird Sláinte agus na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh /Theas. Ina theannta sin, déileáladh le glaonna ón bpobal, ar an meán trí cinn in aghaidh an lae, agus cuireadh iarratais eile ar aghaidh chuig na comhlachtaí aistriúcháin ar nós Europus, Fónamh agus Gaelchló. Rinneadh moladh maidir le

ceardlanna oiliúna d'aistritheoirí sa tuaisceart agus sa deisceart a reáchtáil le linn na bliana 2001.

Scéim na Miondeontas

Riarann an Rannóg Ealaíon, Cultúir agus Oidhreacht an scéim seo gach bliain, agus tugtar cabhair d'ócáidí agus d'imeachtaí éagsúla ar fud na tíre chun an Ghaeilge a chur chun cinn iontu. Tháinig iarratais isteach ar 555 miondeontas, agus maoiníodh 360 díobh.

Seo a leanas roinnt na ndeontas:

Pobal	136
Ealaíona, Cultúr agus Oidhreacht	91
Oideachas	68
Eile	65



Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, le Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, Mícheál Ó Gruagáin, ag seoladh Fearann Pinn, díolaim filíochta, leis an Dr. Gréagóir Ó Duíll (eagarthóir) agus Pádraig Ó Snodaigh (foilsitheoir).

President of Ireland, Mary McAleese, with the CEO of Foras na Gaeilge, Mícheál Ó Gruagáin, at the launch of the poetry anthology Fearann Pinn, with the volume's editor, Dr. Gréagóir Ó Duíll, and publisher, Pádraig Ó Snodaigh.

Joint Initiative with Tha Boord o Ulster-Scotch

Several joint initiatives between An Foras and Tha Boord o Ulster-Scotch were recommended at a meeting of the two boards in Trinity College on 30 June 2000. These included mumming and both bodies participated in a seminar on mumming in Enniskillen in December 2000.

Translation service

A translation service was provided for a limited number of state departments and organisations, including The National Gallery, The Department of Education and Science, The Department of Justice, The Health Boards and the North /South Implementation Bodies.. In addition, phone-calls from the public, on average three per day, were dealt with and other requests were forwarded to translation companies such as Europus, Fónamh and Gaelchló. A recommendation was made

regarding training workshops for translators both north and south during the year 2001 .

The 'small grant' scheme

Every year the department of Arts, Culture and Heritage administers this scheme which provides small amounts of financial assistance to various events throughout the island which help promote the Irish language. The number of applications for small grants was 555. Of these 360 were approved.

The distribution of grants was as follows:

Community	136
Arts, Culture and Heritage	91
Education	68
Others	65

An Réimse Stáit agus Pleanála

Scéim na nOifigeach Forbartha Gaeilge

Faoin scéim seo déantar Oifigeach Forbartha Gaeilge a cheapadh ina bhall foirne de na boird sláinte agus de na húdaráis áitiúla. Íocann Foras na Gaeilge leath an chostais a bhaineann le gach ceapachán. Cúigear a bhí fostaithe faoin scéim ag tús na bliana ag comhairlí contae Chiarraí, Dhún na nGall, na Gaillimhe agus Luimnigh agus ag Bardas Bhaile Átha Cliath.

Ceapadh seachtar nua i rith na bliana acu seo a leanas:

1. Comhairle Chontae Ros Comáin
2. Comhairle Chontae Chorcaí
3. Comhairle Chontae Chill Mhantáin agus Comhairle Chontae Chill Dara
4. Bardas Chorcaí
5. Bord Sláinte an Deiscirt
6. Bord Sláinte an Oir-Dheiscirt
7. Bord Sláinte Lár Tíre

Ina theannta sin, bhí an próiseas earcaíochta idir lámha ag Comhairle Chontae Cheatharlach agus bhí cinneadh tógtha ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus ag Comhairle Chontae Mhuineacháin páirt a ghlacadh sa scéim. Bhíothas ag plé le heagrais eile a raibh suim á léiriú acu i gceapadh oifigeach Gaeilge, ina measc:

1. Comhairle Chontae Lú
2. Comhairle Chontae Phort Láirge
3. Comhairle Chathair Dhoire
4. Bord Sláinte an Iarthair
5. Bord Sláinte an Iar-Thuaiscirt



An Taoiseach, Bertie Ahern TD, le Cathaoirleach Foras na Gaeilge, Maighread Uí Mháirtín.

An Taoiseach, Bertie Ahern TD, with Chairperson of Foras na Gaeilge, Maighread Uí Mháirtín.

State and Planning

The Language Development Officers' Scheme

Under this scheme Irish language development officers are appointed to the staff of health boards and local authorities. Foras na Gaeilge pays half the cost of each appointment. Five were appointed under the scheme at the beginning of the year in the offices of the County Council in counties Kerry, Donegal, Galway and Limerick, and of Dublin Corporation.

Seven new officers were appointed during the year to health boards and to local authorities as follows:

1. Roscommon County Council
2. Cork County Council
3. Wicklow and Kildare County Councils
4. Cork Corporation
5. The Southern Health Board
6. The South-Eastern Health Board
7. The Midlands Health Board.

In addition Carlow County Council was engaged in a recruiting process and Mayo County Council and Monaghan County Council had made a decision to participate in the scheme. Discussions were held with other organisations who had declared their interest in appointing an officer. Among them were:

1. Louth County Council
2. Waterford County Council
3. Derry City Council
4. The Western Health Board
5. The North-Western Health Board



Bhí an Foras ag obair i bpáirt leis na húdaráis chun maoirsiú a dhéanamh ar obair na nOifigeach agus d'eagraigh an Foras na ceardlanna seo dóibh:

- *Pleanáil Straitéiseach*, Luimneach (10 Bealtaine)
- *Na Méain Chumarsáide*, Baile Átha Cliath (19 Meán Fómhair)

agus an seimineár:

- *Cleachtais i dTíortha Eile*, Caerdydd / Cardiff (11-12 Nollaig)

Reachtáladh an seimineár seo i gcomhar le Syniad, eagrais a bhíonn ag plé leis na húdaráis áitiúla sa Bhreatain Bheag. Ar na daoine a bhí i láthair bhí Oifigigh Ghaeilge ó na húdaráis áitiúla in Éirinn, ó na Boird Sláinte agus ó An Garda Síochána. Bhí a gcomhghleacaithe i láthair ó Albain agus ón mBreatain Bheag chomh maith le hionadaithe ó Fhoras na Gaeilge, ó Bhord na Breataine agus ó Chomunn na Gaidhlig. An aidhm a bhí leis an seimineár: daingniú a dhéanamh ar na nascanna idir Oifigigh Teanga ar mhaithe le deachleachtas a roinnt agus deiseanna maoinithe ar bhonn páirtnéireachta a fhiosrú.

Treoirilínte don Earnáil Phoiblí

Gné thábhachtach de pholasaí an Rialtais is ea a bhfuil sa doiciméad *Leathnú an Dátheangachais - Treoirilínte don Earnáil Phoiblí do Chláracha Gníomhaíochta* (Bord na Gaeilge 1996). Scaipeadh cóipeanna de na treoirilínte sa réimse stáit agus bailíodh eolas ó roinnt eagrais stáit maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn dátheangach.

An Garda Síochána

Tá polasaí dátheangach ag an nGarda Síochána agus tá ionadaíocht ag Foras na Gaeilge ar an gcoiste ardleibhéil atá ann chun an Plean Gníomhaíochta a chur i gcrích. Ar na beartais is suntasaí atá faoi chaibidil tá foilsíú lámhleabhair nua le húsáid sa Gharda Síochána. Ag searmanas bronnta na gcáilíochtaí bronnar Duais Fhoras na Gaeilge ar an eacach is mó a rinne an Ghaeilge a chur chun cinn le linn dó nó dí a bheith ar an gColáiste. Bonn airgid agus scoláireacht Ghaeltachta an duais agus bronnadh í ar an nGarda Gráinne Ní Loinsigh ón Spidéal, Co. na Gaillimhe i mbliana.

An tSeirbhís Eadrána

Déanann baill an phobail gearáin leis an bhForas maidir le fadhbanna faoi easpa seirbhísí i nGaeilge ón earnáil phoiblí. Dhéileáil an rannóg le breis agus daichead cás nua maidir le heaspa seirbhísí Gaeilge ón oifig Cháin loncaim agus ón mBord Pleanála. Ba é an rud ba mhó a

An Foras in conjunction with the authorities supervised the officers' work and an Foras organised the following workshops for them:

- *Pleanáil Straitéiseach (Strategic Planning)*, Limerick (10 May)
- *Na Méain Chumarsáide (The Media)*, Dublin (19 September)

as well as the seminar:

- *Cleachtais i dTíortha Eile (Practice in other countries)* Caerdydd / Cardiff (11-12 December).

This seminar was held in conjunction with Syniad, an organisation which deals with local authorities in Wales. Among those present were the Irish-language officers from local authorities and health boards in Ireland and the Garda Síochána. Their colleagues from Scotland and Wales attended, as well as representatives from Foras na Gaeilge, the Welsh Language Board and the Scottish Gaelic Society. The aim of the seminar was to strengthen links between Language Officers in order to share experience and to investigate funding opportunities on a partnership basis.

Guidelines for the Public Sector

The document 'Leathnú an Dátheangachais - Treoirilínte don Earnáil Phoiblí do Chláracha Gníomhaíochta' (*Spreading Bilingualism - Guidelines for Action Programmes for the Public Sector*) (Bord na Gaeilge 1996) is an important part of Government policy. Copies of the guidelines were distributed in the state sector, and information was gathered from some state bodies regarding the provision of bilingual services.

An Garda Síochána

The Garda Síochána have a bilingual policy and Foras na Gaeilge is represented on the high-ranking committee set up to enforce the Action Plan. One of the most noteworthy projects being discussed is the publication of a new handbook to be used by An Garda Síochána.

At the qualifications' award ceremony the Foras na Gaeilge prize is awarded to the recruit who has done most to promote Irish while at the Garda Training College. The prize is a silver medal and a Gaeltacht scholarship and it was awarded this year to Garda Gráinne Ní Loinsigh from An Spidéal, County Galway.

Mediation Service

An Foras receives complaints from members of the public about the lack of service in Irish from the public

chuir as do dhaoine i mbliana ná an teastas Béarla, i dtaca le scéim na gcrann, a d'eisigh Coiste Comórtha na Mílaoise agus a dáileadh ar theaghlaigh uile an stáit. Fuarthas torthaí sásúla ar chuid mhaith de na cásanna a ardaíodh linn.

Coiste na hÉireann den mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana

Tá ionadaíocht ag an bhForas ar Choiste na hÉireann den mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana agus glacadh páirt ghníomhach ina chuid imeachtaí.

Bhí an Foras ag plé leis an togra Bliain Eorpach na dTeangacha 2001 agus bhí pleanáil ar siúl thuaidh agus theas faoina mbeadh ar siúl i rith 2001. Ina theannta sin, rinne an Foras urraíocht ar an bhfoilseachán *An Ghaeilge: a haghaidh roimpi*.

Pleanáil agus Taighde

Rinne an Foras urraíocht ar chomhdhálaí agus ar fhoilseacháin taighde a raibh sé mar chuspóir acu cur leis an eolas ar ghnéithe den Ghaeilge :

- Comhdháil NAACLT (North American Association of Celtic Language Teachers), Ollscoil Luimnigh (faoi mhúineadh na dteangacha Ceilteacha)
- An Litríocht sna Teangacha Ceilteacha, Ollscoil Uladh, Cúil Raithin

- Dialect 2000, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste (Tá na himeachtaí foilsithe.)
- An Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide - Impleachtaí do Mhúineadh Teanga, Ollscoil Luimnigh

Rinneadh pobalbhreith a choimisiúnú ó Research Evaluation Studies chun eolas a bhailiú ar fud an oileáin maidir leis an nGaeilge.

Ceisteanna Polasaí

D'fhaomh an Foras polasaithe i réimsí éagsúla agus cuireadh in iúl do na heagrais chuif iad, m.sh. an aighneacht a cuireadh faoi bhráid Choimisiún na Gaeltachta. Chuir an Foras tús le polasaí a cheapadh maidir le comhionannas chun freastal ar riachtanais reachtúla faoi alt 75 den Acht Comhionannais i dTuaisceart Éireann.

Cuireadh eolas ar fáil do lucht taighde maidir le polasaithe Gaeilge in Éirinn agus faoi pholasaithe an Fhorais féin.

An Coiste Téarmaíochta

Bunaíodh an Coiste Téarmaíochta i 1968 chun téarmaíocht chaighdeánach údarásach a sholáthar. Is saineolaithe ar an nGaeilge ó institiúidí tríd leibhéal agus gaolmhara iad na baill a fheidhmíonn go deonach ar an gCoiste, agus tá ball amháin foirne lánaimseartha ag

sector. More than 40 new cases, regarding the lack of services in Irish from the Income Tax Office and from An Bord Pleanála, were dealt with. A major concern this year was the monolingual certificate issued by the Millennium Commemoration Committee regarding the tree scheme and distributed to every household in the state. Most of the cases were resolved satisfactorily.

European Bureau for Lesser-Used Languages

An Foras is represented on the Irish Committee of the European Bureau for Lesser-Used Languages and took an active part in its proceedings. An Foras sponsored the publication *An Ghaeilge: a haghaidh roimpi*.

An Foras was involved with the European Year of Languages 2001 and with the planning of activities both north and south.

Planning and Research

An Foras sponsored conferences and research publications designed to enhance knowledge on aspects of the Irish language:

- NAACLT conference, University of Limerick (on the teaching of Celtic languages)
- An Litríocht sna Teangacha Ceilteacha (*Literature in the Celtic Languages*), The University of Ulster, Coleraine

- Dialect 2000, Queens University, Belfast (*Proceedings published*)
 - An Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide - Impleachtaí do Mhúineadh Teanga (*Information Technology and Communications - Implications for Language Teaching*), The University of Limerick
- Research Evaluation Studies were commissioned to conduct an opinion poll in order to gather information about Irish on an all-Ireland basis.

Policy matters

An Foras approved of policies in various areas and this was made known to the relevant organisations e.g. the submission made to Coimisiún na Gaeltachta. The first draft of the equality policy was also drawn up to comply with article 75 of the Equality Act of Northern Ireland. Research students were provided with information on Irish language policies in Ireland and on the policies of Foras na Gaeilge .

An Coiste Téarmaíochta

An Coiste Téarmaíochta (*the Terminology Committee*) was founded in 1968 to provide standard, authoritative terminology in Irish. The committee is comprised of Irish language experts from third level and related institutions,

obair san oifig, ag fónamh don Choiste agus ag cur eagair ar an téarmaíocht.

Feidhmíonn an Coiste ar thrí leibhéal, mar atá: *An Buanchoiste* a bhfuil 25 ball air, ar saineolaithe ar an nGaeilge iad, ionadaithe ó institiúidí éagsúla tríú leibhéal nó taighde nó ó eagraíochtaí gaolmhara.

An Coiste Stiúrtha a bhfuil 15 ball air, baill den Bhuanchóiste den chuid is mó a bhfuil sé d'acmhainn acu freastal ar chruinnithe lae an Choiste ar an gcéad Luan de gach mí. Socraíonn siad prionsabail téarmaíochta, déanann an obair a phleanáil agus a mhaoirsiú trí fhochoistí a bhunú de réir mar is gá nó is acmhainn, agus déileálann le fiosruithe ilghnéitheacha. *Na Fochóistí* – grúpaí níos lú de shaineolaithe i sainréimsí eolais. Pléann siadsan le liostaí toirtiúla de shaintéarmaí teicniúla agus féachann, go hiondúil, le hábhar sainfhoclóra a thiomnú.

An Fochóiste Seandálaíochta

Cuireadh obair an Fhochóiste in eagar agus bailíodh breis téarmaí as téacsleabhair agus leabhair thagartha bharantúla.

An Fochóiste Ríomhaireachta

Rinneadh obair an Fhochóiste a thiomnú in éineacht leis na téarmaí ón bhfoclóir *Téarmaí Ríomhaireachta* (1990), agus tá an t-ábhar á chur in eagar i gcomhair thionscadal an dlúthdhiosca.

An Fochóiste Critice is Litríochta


Rinne an fochóiste *Foclóir Critice is Litríochta* a phleanáil ar bhonn aicmeach agus tiomsaíodh liostaí éagsúla de théarmaí, idir Ghaeilge is Bhéarla. Thosaigh an Fochóiste ag dul tríothu go córasach, agus rinne siad cuid mhór téarmaí a fhaomhadh.

Cúrsaí Eagarthóireachta

Rinneadh obair an Choiste Stiúrtha a chur in eagar i bhfoirm liosta, *Téarmaí 2000*, agus foilseofar é go luath san iris *An Aimsir Óg*, mar aon le réamhrá ag cur síos ar obair an Choiste. Chomh maith leis sin tiomsaíodh liostaí bliantúla an Choiste Stiúrtha ó 1985 go 2000 in aon oll-liosta amháin atá á chur in eagar agus á ullmhú le heisiúint ar an Idirlíon.

An Dr. Bruce Griffiths, eagarthóir *Geiriadur Yr Academi*, ag seiminedár foclóireachta i gceannáras Fhoras na Gaeilge.

Dr. Bruce Griffiths, editor of *The Welsh Academy English-Welsh Dictionary*, at a lexicographical seminar held in the headquarters of *Foras na Gaeilge*.



all of whom serve in a voluntary capacity. There is one full-time official working on behalf of the committee who is also responsible for editing the terminology. The Committee works on three levels:

The Permanent Committee: Consisting of 25 members with particular expertise in the Irish language from various third level and research institutions and related organisations.

The Steering Committee: This committee has 15 members, mostly members of the Permanent Committee, who are able to attend the full day meeting on the first Monday of every month. This committee set terminology principles, plan and direct work and set up sub-committee's when needed. They also deal with miscellaneous queries from the public.

The Subcommittees: Smaller groups with expertise in specific areas. They compile extensive lists of technical terminology, usually with a view to publishing a specialised dictionary.

The Archaeology Subcommittee

The work of the Subcommittee was edited and extra terms were gathered from reliable reference books.

The Computer Subcommittee

The work of the Subcommittee along with terms from *Téarmaí Ríomhaireachta* (1990) was compiled and the material is being edited for the compact-disc project.

The Literary Criticism Subcommittee

The subcommittee planned a Dictionary of Literary Criticism on a generic basis and various lists of terms were compiled in both Irish and English. The Subcommittee has begun to go through these systematically and they have approved a considerable number of terms.

Editorial

The work of the Steering Committee was edited in list form, *Téarmaí 2000*, and will be published soon in the annual revue, *An Aimsir Óg*, along with an introduction describing the work of An Coiste Téarmaíochta. The annual terminology lists from 1985 to 2000 are being edited for web publication.

Foclóirí ar fhaomh an Coiste téarmaí dóibh a foilsíodh le linn na bliana

1,000 Téarmaí Ríomhaireachta (FIONTAR, 2000): Cnuasach de théarmaí nua ríomhaireachta a thionsaigh Donla uí Bhraonáin, ag éirí as obair an Fhochoiste Ríomhaireachta. Foclóir Gaeilge-Béarla / Béarla-Gaeilge é, a bhfuil sainmhínithe i nGaeilge agus i mBéarla le cuid mhór de na téarmaí ann. Tá an leabhar le fáil saor in aisce ó Fhiontar agus freisin ar an Idirlíon, i dteannta liosta i bhfad níos mó de na téarmaí a shocraigh an Fochoiste céanna, ag an seoladh seo: <http://www.dcu.ie/fiontar/focloiri.shtml>

Lámhleabhar Gaeilge don Rialtas Áitiúil / Irish Handbook for Local Government (An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, 2000): Foclóir Béarla-Gaeilge de théarmaí riaracháin a bhaineann leis an Roinn Comhshaoil agus le húdaráis áitiúla mar aon le nathanna úsáideacha, teidil agus seoltaí úsáideacha.

Foclóirí Téarmaíochta ar Dhlúthdhiosca

Beartaíodh tionscadal i gcomhpháirt le FIONTAR, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun dlúthdhiosca d'fhoclóirí téarmaíochta a chur ar fáil. Ar an gcéad eagrán den dlúthdhiosca beidh ocht gcinn d'fhoclóirí an Choiste – ar foclóirí eolaíochta iad den chuid is mó – mar aon le Foclóirí Fiontair.

Chuige sin ullmháidh atheagrán de chuid de na foclóirí seo i rith na bliana agus ba chóir go mbeadh an tionscadal réidh an bhliain seo chugainn.

Aistriú Oifige

D'aistrigh An Coiste Téarmaíochta go dtí oifig nua ar 27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath i mí na Márta. Socrú ba ea é sin a bhí á bheartú ag An Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag an am ar aistríodh an Coiste go dtí an Foras Teanga.

Dictionaries, published during the year and containing terms approved by An Coiste

1000 Téarmaí Ríomhaireachta (FIONTAR, 2000): A collection of new computer terms compiled by Donla uí Bhraonáin arising from the work of the Computer Subcommittee. It consists of an Irish-English / English-Irish Dictionary in which definitions are given in Irish and in English for a great number of the terms. The book is available free from FIONTAR and on the Internet, along with a much longer list of terms agreed on by the same subcommittee, at this address: <http://www.dcu.ie/fiontar/focloiri.shtml>

Lámhleabhar Gaeilge don Rialtas Áitiúil / Irish handbook for Local Government (An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, 2000): An English-Irish Dictionary of administrative terms relating to the Department of the Environment and local authorities as well as useful phrases, titles and addresses.

Terminology Dictionaries on CD-ROM

In conjunction with FIONTAR, Dublin City University, it was decided to compile a CD-ROM version of some of the Committees dictionaries. The first edition will contain eight of the committees dictionaries, mostly scientific but will also contain The FIONTAR Dictionary (Finance, Computing and Enterprise). For this purpose, new editions of several of the committees dictionaries were prepared during the year and it is expected that the project will be completed next year.

Office Transfer

An Coiste Téarmaíochta moved to new offices at 27 North Frederick St., Dublin in March. This was an arrangement which was being planned by the Department of Education and Science at the time An Coiste was transferred to an Foras Teanga.

An Gúm

Aistríodh an Gúm ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dtí an Foras Teanga ar 2 Nollaig 1999. Rinneadh socrú bainistíochta idir an Foras agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go leanfadh an Roinn de sholáthar na seirbhísí pearsanra, íocaíochta agus teicneolaíochta d'fhoireann an Ghúim go dtí go mbeadh an struchtúr bunaithe san Fhoras a ligfeadh dó iad sin a sholáthar. I dtaca le feidhmiú an chlár oibre de, agus an ganntanas foirne mar a bhí, beartaíodh ar dhíriú i gcaitheamh na bliana ar na réimsí oibre seo a leanas maidir le foilseacháin de:

- Foilseacháin Réamhscoile agus Bhunscoile
- Foilseacháin Iar-bhunscoile
- Leabhair Ghinearálta / Eolais do dhaoine óga.

D'fhág sin gurbh éigean roinnt tionscadal eile a bhí idir lámha a chur siar.

Foilseacháin Bhunscoile

Toisc curaclam leasaithe na bunscoile a bheith le cur i bhfeidhm sna blianta beaga atá romhainn tuigeadh go raibh gá le cúram ar leith a dhéanamh de sholáthar téacsleabhar agus áiseanna nua agus tús a chur le pleanáil uileghabhálach sa réimse sin. Is í an Ghaeilge an chéad chuid den churaclam a bhí le cur i bhfeidhm sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge. Ní raibh na foilsitheoirí tráchtála ag tabhairt aghaidhe ar

an gcuid sin den mhargadh go fóill, toisc an Béarla a bheith á thabhairt isteach i bhformhór scoileanna Béarla na tíre. Ba é an gnáthnós a bhí ann go dtí seo go bhféachfadh na foilsitheoirí tráchtála i ndiaidh chuid na Gaeilge den churaclam maidir le téacsleabhair etc agus go ndíreodh an Gúm ar théacsanna a sholáthar sna hábhair eile a mhúintear trí mheán na Gaeilge.

Toisc nach rabhthas ag freastal mar ba cheart ar an nGaeilge sna bunscoileanna rinne an Gúm iarracht i mbliana ar chuid den bhearna, a fágadh de bharr neamhshuim na bhfoilsitheoirí tráchtála, a líonadh. Chuige sin chuathas i gcomhairle leis na hoiliúinóirí ón gClár Tacaíochta don Churaclam nua bunscoile agus d'fhreastail baill foirne ón nGúm ar go leor de na cruinnithe inseirbhíse a bhí á reáchtáil timpeall na tíre, sa Ghaeltacht go háirithe. Cuireadh bunachar sonraí le chéile de thoradh na gcuinnithe sin de dhaoine a bheadh sásta páirt a ghlacadh i dtionscadal foilsitheoireachta le soláthar téacsleabhar agus áiseanna a chur ar fáil i gcomhthéacs an churaclaim nua.

De thoradh an phlé leis na hoiliúinóirí agus daoine eile foilsíodh sraith nua de *Leabhair Mhóra*, sraith na ndathanna. Foilsíodh freisin an tsraith *Léigh Leat* atá dírithe ar riachtanais na bunléitheoireachta. Insint shimplí ar roinnt scéalta clasaiceacha atá ann agus tá an-éileamh ar na leabhair seo mar áis mhúinte na léitheoireachta:

An Gúm

An Gúm was transferred from the Department of Education and Science to An Foras Teanga on 2 December 1999. It was arranged by management between an Foras and the Department of Education and Science that the Department would continue to provide personnel, remuneration and technological services to the staff of an Gúm until a structure would be set up in an Foras which would allow it to make provision for these.

Because of the shortage of staff it was decided to concentrate during the year on the following areas of work with regard to publishing:

- Publications for pre-school and primary school
- Post-primary publications
- Books of general interest/information for young people

Consequently it was necessary to postpone several projects which were in hand.

Primary school publications

As the implementation of the revised curriculum for primary schools is to take place shortly it was understood that it was necessary to give priority to the

provision of new textbooks and other aids and to commence comprehensive planning in that field. An Ghaeilge was the first part of the revised curriculum to be implemented in Gaeltacht schools and in the all-Irish schools. The commercial publishers were not yet catering for that section of the market as priority was given to the introduction of English in the majority of English medium schools. Hitherto the commercial publishers had seen to the provision of textbooks for an Ghaeilge in the curriculum and An Gúm had provided textbooks for other subjects taught through Irish. As an Ghaeilge in primary schools was not being catered for by commercial publishers An Gúm attempted this year to fill the gap. Training staff on the support programme for the new primary schools' curriculum were consulted and members of An Gúm attended some of the in-service meetings held throughout the country, especially those in the Gaeltacht. As a result of these meetings a database was compiled of information on people who would be willing to participate in a publishing project to provide textbooks and aids for the new curriculum.

As a result of talks with the training staff on the support programme and others, a new series of *Leabhair Mhóra*, the colours series, was produced and another series of basic readers *Léigh Leat* was published. The five books in this series are simplified versions of classic tales and are in great demand as a teaching aid.

Soláthraíodh na leabhair eolais seo a leanas do lucht bunscoile chomh maith: *Líníocht gan Dua* agus *An Chathair is a Tuairisc* chomh maith leis na pósteair bhalla - *An Domhan*; *An Grianchóras*; *An Frog*.

Foilseacháin Iar-bhunscoile

Leanadh den chóras teagmhála leis na hiar-bhunscoileanna i gcaitheamh na bliana agus dá thoradh sin cuireadh roinnt ábhar ar fáil dóibh i bhfoirm nótaí clóbhualte san Eolaíocht, agus cuireadh tús le foilseacháin nua a chur le chéile sa Bhitheolaíocht, sa Stair, sa Tíreolaíocht agus sa Mhatamaitic. Rinneadh obair ar thionscadal reatha sa Ghnó chomh maith. Is iad seo a leanas foilseacháin a cuireadh ar fáil i rith na bliana:

Fócas ar an Stair: (Leabhar Gníomhaíochtaí don Teastas Sóisearach)

Bitheolaíocht Shinsearach 1 (Téacsleabhar Ard-Teistiméireachta)

An tEolaí 4 eagrán (Nuachtlitrí Eolaíochta)

Pósteair Bhalla: *An Nitrigín*; *Dé-ocsaíd Charbóin*; *Uisce*; *An Phéist Talún*; *An tSúil*; *An Chill*; *Teas*.

Chomh maith leis sin, mar fhreagra ar éileamh ó na múinteoirí, foilsíodh leabhráin de pháipéir scrúdaithe 1994-2000 (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) i roinnt ábhar éagsúil don teastas sóisearach agus don ardeistiméireacht

Foilseacháin Ghinearálta / Eolais do dhaoine óga

Cuireadh le cuid de na sraitheanna leabhar is mó éileamh, ina measc saothar do dhaoine óga e.g. an tsraith Bran, chomh maith le foilseacháin úrnua do naíonáin. Bhí idir bhunleabhair agus chomheagrán le foilsitheoirí eile i gceist.


Poiblíocht

In éagmais na n-acmhainní cuí chun tabhairt faoin ngné seo den obair i gceart rinneadh méid áirithe bunchéimeanna a thabhairt maidir leis an gcúram. Foilsíodh sraith nua catalóg agus cuireadh le chéile in aon fhilleán eolais amháin iad. Scaipeadh ar na scoileanna lán-Ghaeilge iad agus ar scoileanna na Gaeltachta uile chomh maith leis na leabharlanna agus ar na meáin chumarsáide.

Sheol Caoimhe Máirtín, Stiúrthóir Institiúid Oideachais Marino, foilseacháin uile an Ghúim ag ócáid i mí na Nollag 2000 agus gnóthaíodh roinnt poiblíochta náisiúnta dá bharr.

D'fhreastail foireann an Ghúim ar roinnt taispeántas agus ócáidí poiblíochta i rith na bliana agus bhí seastán suaithinseach ag an nGúm i rith an Taispeántais Oideachais a bhí ar siúl san RDS i mí Aibreáin.

Cuireadh athchló ar 11 leabhar. Ba théacsleabhair a bhformhór.



Seosamh Ó Murchú, An Gúm, Foras na Gaeilge, Pól Mac Fheilimidh, an tÁisaonad, Coláiste Mhuire, Béal Feirste, An tOll. Dónall Ó Baoill, Coláiste na Banríona, Béal Feirste agus Mícheál Ó Gruagáin, Príomhfheidhmeannach, Foras na Gaeilge ag seoladh leabhar a d'fhoilsigh An Gúm.

Seosamh Ó Murchú, An Gúm, Foras na Gaeilge, Pól Mac Fheilimidh, an tÁisaonad, St. Mary's University College, Belfast, Prof. Dónall Ó Baoill, Queen's University of Belfast, and Mícheál Ó Gruagáin, CEO, Foras na Gaeilge at a launch of books published by An Gúm.

The following information books were also provided for primary school children: *Líníocht gan Dua* and *An Chathair is a Tuairisc* as well as the wall posters - *An Domhan*; *An Grianchóras*; *An Frog*.

Post-primary publications

Arising from contact with post-primary schools during the year, material in the form of printed notes was made available for Eolaíocht and work commenced on new publications for Bitheolaíocht, Stair, Tíreolaíocht and Matamaitic. Work began also on a new project for Gnó.

The following were published during the year:

Fócas ar an Stair, (Activity Book for Junior Certificate)

Bitheolaíocht Shinsearach 1 (Senior Certificate Text Book)

The science newsletter *An tEolaí* (4 issues)

The wall posters - *An Nitrigín*; *Dé-ocsaíd Charbóin*; *Uisce*;

An Phéist Talún; *An tSúil*; *An Chill*; *Teas*.

Due to demand from teachers, booklets of examination papers (1994-2000) in a number of subjects for the Junior Cert. and the Leaving Cert. were published.

General publications / information for young people

Some of the book series for young people most in demand, and the Mamó series were added to, and 11 new titles for young children were published including co-editions with other publishers.

Publicity

Despite the lack of sufficient resources to do the work properly certain steps were taken to publicise and market our publications. A new series of catalogues was published and brought together in one information pack. This was distributed to Gaeltacht and all-Irish schools as well as to libraries and to the media.

Caoimhe Martin, the Director of An Institiúid Oideachais, Marino, launched all of An Gúm publications in December 2000, an event which received a certain amount of publicity on a national scale.

The staff of An Gúm attended various exhibitions and public events throughout the year and An Gúm had a distinctive stand at the Education Exhibition in the RDS in April.

11 publications, mostly text-books. were reprinted.

An Fhoclóireacht

De thoradh an tseimineáir faoi chúrsaí foclóireachta agus téarmaíochta a ritheadh faoi choimirce an Fhorais ag deireadh Aibreáin bheartaigh Bord an Fhorais ar ghrúpa oibre a bhunú chun na féidearthachtaí a scrúdú maidir le Foclóir nua Béarla-Gaeilge a chur ar fáil. Tá os cionn daichead bliain ann ó foilsíodh English-Irish Dictionary de Bhaldraithe. Chuir an Grúpa a dtuairisc ar fáil ar 30 Meán Fómhair agus is iad seo a leanas na príomhphointí a rinneadh:

- gur cheart foclóir nua-aoiseach, údarásach ar ardchaighdeán de thart ar 50,000 ceannfhocal agus 250,000 abairt shamplach, a chur ar fáil i bhfoirm chlóite agus i bhfoirm leictreonach i gcomhpháirt le comhlachtaí eile
- gur tréimhse mheasta 5 bliana a bheadh i gceist leis an tionscadal
- go mbeadh soláthar measta airgid de £3.1 M (£2.37M Stg) ar fáil chun iomlán costais an tionscnaimh (ar phraghasanna an lae inniu) a chlúdach ó thús go deireadh
- gur tús a bheadh sa tionscadal seo le forbairt cheart na foclóireachta ag Foras na Gaeilge de réir mar atá luaite sa reachtaíocht agus go mbainfí leas as na hacmhainní daonna agus eile a d'úsáidfí le linn an tionscadail mar bhonn le haonad buan foclóireachta a bhunú laistigh d'Fhoras na Gaeilge

Ghlac Bord an Fhorais agus ina dhiaidh sin an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas le tuairisc an Ghrúpa Oibre agus socraíodh go gcuirfí tús le hobair an fhoclóra chomh luath agus ab fhéidir.

Aistriú Oifige

D'aistrigh an Gúm go dtí oifigí nua ar 27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath i mí na Márta. Socrú ba ea é sin a bhí á bheartú ag An Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag an am ar aistríodh an Gúm go dtí an Foras Teanga.

Lexicography

As a result of a seminar on lexicography and terminology, organised by Foras na Gaeilge at the end of April, the Board of an Foras decided to set up a working group to do a feasibility study on the provision of a new English-Irish dictionary. It is over forty years since de Bhaldraithe's English-Irish Dictionary was published. The Group presented their report to an Foras on 30 September and the chief recommendations in it are as follows:

- that a modern high-standard authoritative dictionary with approximately 50,000 head-words and 250,000 exemplifying sentences be provided, in partnership with other companies, in both print and electronic format
- that the estimated time of the project be 5 years.
- that the estimated sum of £3.1 M (£2.37m Stg) be made available to cover the entire cost of the project (at current exchange rates/values) from beginning to end

- that this project initiate the proper development of lexicography by Foras na Gaeilge as is laid down in legislation and that the human and other resources used in the project be the basis of a permanent lexicography unit in Foras na Gaeilge

The board of an Foras, and subsequently the North/South Ministerial Council approved the Group's report and it was decided that work would begin on the dictionary as soon as possible.

Office Transfer

An Gúm moved to new offices at 27 North Frederick St., Dublin in March. This was an arrangement which was being planned by the Department of Education and Science at the time An Gúm was transferred to an Foras Teanga.

ÁIS

Bhunaigh Bord na Gaeilge Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar (ÁIS) i 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá cúramaí Bhord na Gaeilge maidir leis an Áis aistrithe anois go dtí Foras na Gaeilge.

Soláthraíonn ÁIS leabhair do bhreis agus 280 siopa leabhar ar fud an oileáin, 30 sa Bhreatain, 8 ar Mhór-Roinn na hEorpa, 12 sna Stáit Aontaithe agus 10 san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. Dáileadh os cionn 260,300 leabhar i rith 2000. Seo thall liosta den fhiche leabhar is mó a díoladh trí ÁIS i 2000.

Teideal Lón díolta ag ÁIS i rith 2000

Foclóir Póca	19,206
An Triail	5,503
Buntús Cainte (Leabhair)	3,496
Foclóir Scoile	2,815
Leabhair Thadhaill	2,462
Leabhair Mhíreanna Meara	2,340
Foclóir Uí Dhónaill	2,283
Foclóir De Bhaldraithe	2,214
Dúnmharú ar an Dart	1,816
Dathaigh – an tSraith Iomlán	1,431
Buntús Cainte (Téipeanna)	1,268
Progress in Irish	1,226
Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí	958
Scothscéalta	844
Bhuf! Bhuf!	825
New Irish Grammar	797
Irish is Fun	792
Cuir Focal Air	747
Basic Irish for Parents	727
Na Trí Mhuicín	711



ÁIS

Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar (ÁIS) was founded in 1980 by Bord na Gaeilge to distribute Irish Language publications both nationally and internationally. Bord na Gaeilge's responsibilities regarding the Áis have now been passed to Foras na Gaeilge.

Áis supplies books to in excess of 280 bookshops throughout the Island, 30 in Britain, 8 in continental Europe, 12 in the United States and 10 in Australia and New Zealand. Over 260,300 books were distributed in 2000. Opposite is a list of the top 20 selling publications distributed by ÁIS in 2000.

Title Total sold by ÁIS in 2000

Foclóir Póca	19,206
An Triail	5,503
Buntús Cainte (Books)	3,496
Foclóir Scoile	2,815
Leabhair Thadhaill	2,462
Leabhair Mhíreanna Meara	2,340
Foclóir Uí Dhónaill	2,283
Foclóir De Bhaldraithe	2,214
Dúnmharú ar an Dart	1,816
Dathaigh (The Set)	1,431
Buntús Cainte (Tapes)	1,268
Progress in Irish	1,226
Graiméir Gaeilge na mBráithre Críostaí	958
Scothséalta	844
Bhuf! Bhuf!	825
New Irish Grammar	797
Irish is Fun	792
Cuir Focal Air	747
Basic Irish for Parents	727
Na Trí Mhuicín	711

Tosaíochtaí Straitéise

Aithníonn Foras na Gaeilge na dúshláin mhóra atá roimhe chun timpeallacht a chothú ina bhféadfaidh na daoine a bhfuil an fonn orthu an Ghaeilge a shealbhú agus a úsáid. Chun go n-éireoidh leis an bhForas é sin a chur i gcrích ní mór dó, i measc rudaí eile, an Ghaeilge a dhéanamh tarraingteach agus inghlactha ar bhonn sóisialta, agus a chinntiú go gcuirfear béim ar an ngá atá le spreagadh agus le deiseanna chun an teanga a fhoghlaim agus a labhairt.

Tá sainaitheint déanta ar chúig tosaíocht straitéise, ach go háirithe. Orthusan tá trí bhundúshlán atá ar aon chéim – Stádas, Sealbhú agus Úsáid – agus ní mór tabhairt fóthu de chur chuige aontaithe. Ionas go mbeidh an rath ar an gcur chuige sin is gá straitéis éifeachtach chumarsáide a fhorbairt mar aon le polasaí, planáil agus an taighde cuí.

Stádas: Chun an teanga a chur chun cinn tá sé fiorthábhachtach a stádas ar bhonn ionstraimeach, sóisialta / cultúrtha, oideachasúil agus polaitiúil a ardú, mar aon lena stádas foirmeálta. Ós rud é gur féidir le stádas, mar mhodh spreagtha chun teanga a bhogadh, cumhachtaí láidre mar thraidisiúin, chomhghnásanna sóisialta agus ábaltacht a shárú, ní mór ardú stádaís fhoirmeálta na Gaeilge a bheith ina phríomhchuspóir sna blianta atá le teacht.

Sealbhú: Is é an dúshlán is mó atá ann maidir le sealbhú teanga ná a chinntiú go ndéanfar na deiseanna sealbhaithe atá ann a neartú agus a mhéadú ar bhonn leathan, sa bhaile, sa réamhscoil, ag trí leibhéal an chórais oideachais fhoirmeálta, agus i gcúrsaí gairmoideachais agus oideachais aosaigh.

Úsáid: Tá cur chun cinn na teanga ag brath go príomha ar a húsáid a mhéadú i measc an phobail. Is den riachtanas é an fonn chun an teanga a labhairt a bheith ar dhaoine a bhfuil cumas sa Ghaeilge bainte amach acu, agus an deis a bheith acu í a labhairt. Caithfear aghaidh a thabhairt ar an gclaonadh i dtreo an Bhéarla sa Ghaeltacht, agus freisin beart a dhéanamh in aghaidh easpa tacaíochta cuí éifeachtaí struchtúrtha a bhíonn ag an nGaeilgeoir lasmuigh den Ghaeltacht. Oibreoidh Foras na Gaeilge chun deireadh a chur leis na constaicí sóisialta agus siceolaíochta a chuireann cosc le húsáid mhinic fhorleathan na Gaeilge.

Cumarsáid: Tá ról fiorthábhachtach ag na meáin chumarsáide i múnú dhearcadh an phobail i leith na teanga. Is é an dúshlán nach mór aghaidh a thabhairt air ná a chinntiú go gcuirfidh na meáin chumarsáide an teanga os comhair an phobail ar bhealach dearfach, mar acmhainn a bhfuil buntáistí agus feidhm léi sa ghnáthshaol.

Strategic Priorities

Foras na Gaeilge fully recognises the significant challenges which it will face in creating a more favourable environment in which people, who wish to do so, can acquire and use the Irish language. The critical success factors in this regard will involve making the language socially attractive and acceptable and ensuring that motivations and opportunities for learning it and speaking it are highlighted.

Five key strategic priorities, in particular, have been identified. Of these there are three core challenges (Status, Acquisition and Usage) which are of equal significance and which must now be addressed as elements of an integrated approach. Successfully addressing these key challenges will require the development of both an effective communications strategy and appropriate policy, planning and research.

Status: Increasing the instrumental, social/cultural, educational and political status, together with the formal position, of the language is vital for its advancement. Since status, as a motivator of language shift, can override powerful influences like tradition, social convention and ability, increasing the status and formal position of the Irish language must be a priority target in the future.

Acquisition: The key challenge to be faced in the area of acquisition will be to ensure that opportunities for

acquisition are strengthened and increased across a broad spectrum of acquisition mechanisms from home and pre-school, to all three levels of the formal education systems and beyond through vocational and adult education courses.

Usage: Increasing popular usage is the key to the promotion and advancement of the language. It is essential that those who have acquired an ability in the language have both the desire and the opportunity to speak it. Key trends which will require to be reversed in this regard will include arresting the language shift towards English in Gaeltacht communities and the lack of an adequate and effective support framework for Irish speakers outside of the Gaeltacht areas. Foras na Gaeilge will work to remove the social and psychological barriers which prevent wider, and more frequent, use of Irish.

Communications: The mass media play a very significant role in shaping the public perception of and use of a language. The challenge to be faced is ensuring that Irish is portrayed in the media as something positive having real benefit and application in everyday life.

Policy, Planning and Research: Developing coherent policies, plans and programmes which are underpinned by quality research is a major challenge. This research will variously be undertaken directly by An Foras, in co-

1. The Language Body was established under the British-Irish Agreement Act 1999 and the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It comprises two agencies Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency.
2. Our report on the Language Body comprises findings on Foras na Gaeilge on pages 126 to 128 and the Ulster-Scots Agency on pages 130 to 136.

Audit Opinion

3. We have audited the financial statements of the Language Body for the period ended 31 December 2000. We have qualified our opinion on the regularity of the grant expenditure. The qualification is based on the absence of North/South Ministerial Council (NSMC) and Finance Ministers' approval of the arrangements for paying grants.
4. We have also qualified our opinion in regard to the lack of sufficient evidence available to enable us to satisfy ourselves that Foras na Gaeilge had adequate systems to ensure that grants made by it had been applied for the purposes intended by Dáil Éireann and the Northern Ireland Assembly. Based on a review of all grant payments made we estimate that IR£900,000 (STG£720,000) of grant expenditure did not have sufficient substantiating documentation.

FORAS NA GAEILGE

Grant Administration

5. Foras na Gaeilge makes grant payments under a number of programmes designed to promote and advance the Irish language. These grants, which accounted for approximately half of the total expenditure of An Foras in 2000, amounted to IR£4,686,114 (STG£3,748,891).
6. It was noted on the audit that
 - Under paragraph 2.3 of Part 7 of Annex 2 to the British Irish Agreement the arrangement for the payment of grants must be approved by the North South Ministerial Council and Finance Ministers. No such approval was given and therefore the total grant expenditure incurred by An Foras did not formally comply with the financial authorities which governed it.
 - No formal funding criteria for projects had been established by the Board and a standard appraisal mechanism was not applied.
 - Detailed reports and records supporting the recommendations made by executive managers were not maintained on some project files.
 - A number of project payments were made without specific Board approval in advance.
 - For grant payments estimated in June 2004 at IR£900,000 (STG£720,000) the vouching was deficient in that there was no substantiating documentation in the nature of invoices, certified returns from the grant aided body, inspection reports or audited accounts evidencing the application by the grantee of the funds for the purposes intended.
 - The nature of the on-going monitoring of progress varied and documentation of the monitoring undertaken needed to be improved.
 - While routine evaluations were carried out on the achievement of objectives for year 2000 grants, there was a failure to maintain records of evaluations in some cases.

AN FORAS TEANGA: TUARASCÁIL NA hARD-REACHTAIRÍ CUNTAS AGUS CISTE

Réamhrá

1. Bunaíodh an Foras Teanga faoi Acht Chomhaontú na Breataine – na hÉireann 1999 agus agus an tOrdú Comhoibrithe Thuaidh/Theas (Forais Fhorfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999. Tá dhá ghníomhaireacht ann, mar atá Foras na Gaeilge agus Tha Boord ó Ulster-Scotch.
2. Cuimsíonn ár dtuarascáil faoin bhForas Teanga cinnidh faoi Fhoras na Gaeilge idir leathanaigh 127 agus 129 agus faoi Tha Boord o Ulster Scotch idir leathanaigh 131 agus 137.

Tuairim Iniúchta

3. Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais dheiridh an Fhorais Teanga don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2000. Tá cáilíocht déanta againn ar ár dtuairim faoi rialtacht chaiteachas na ndeontas. Tá an cháilíocht bunaithe ar cheadú a bheith in easnamh ón gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) agus ó na hAirí Airgeadais le haghaidh na socrúithe d'íoc na ndeontas.
4. Tá cáilíocht déanta againn freisin ar ár dtuairim i dtaca leis an easpa leordhóthain fianaise a bhí ar fáil chun sinn a shásamh go raibh na córais sách oiriúnach le cinntiú gur caitheadh deontais a d'íoc an Foras ar mhaithe leis an gcuspóir a bhí leagtha amach ag Dáil Éireann agus ag Tionól Thuaisceart Éireann. Bunaithe ar athbhreithniú a rinneadh ar na híocaíochtaí deontais ar fad, measaimid nach raibh leordhóthain cáipéisí cruthaithe ag gabháil le caiteachas deontais IR£900,000 (STG£720,000).

FORAS NA GAEILGE

Riaradh Deontas

5. Íocann Foras na Gaeilge deontais faoi roinnt clár a leagtar amach chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Thart ar leath de chaiteachas iomlán an Fhorais sa bhliain 2000 a bhí sna deontais seo, agus IR£4,686,114 (STG£3,748,891) a bhí iontu san iomlán.
6. Tugadh an méid seo leanas faoi deara san iniúchadh:
 - Faoi alt 2.3 de Chuid 7 d'Iarscríbhinn 2 de Chomhaontú na Breataine- na hÉireann, caithfidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus na hAirí Airgeadais sa dá dhlínse na socrúithe le haghaidh íoc na ndeontas a cheadú. Níor cuireadh an ceadú seo ar fáil agus dá bhrí sin, go foirmiúil, ní raibh an caiteachas iomlán ar dheontais a rinne an Foras ag teacht leis na húdaráis a rialaigh é.
 - Ní raibh critéir fhoirmiúla mhaoinithe do thionscnaimh bunaithe ag an mBord agus níor cuireadh meicníocht mheasúnaithe chaighdeánach i bhfeidhm.
 - Níor coinníodh miontuarascálacha ná taifid a thacaigh leis na moltaí a rinne na bainisteoirí feidhmitheacha, i gcomhaid roinnt tionscnamh.
 - Íocadh airgead do roinnt tionscnamh gan cead faoi leith a fháil ón mBord roimh ré.
 - I gcás íocaíochtaí deontais ar measadh i Meitheamh 2004 gur IR£900,000 (STG£720,000) a bhí iontu, bhí an dearbhú lochtach sa mhéid is nach raibh aon cháipéisí ann a thug bunús leo i bhfoirm sonraisc, tuairisceáin dhearbhaite ón bhforas a fuair deontas, tuarascálacha cigireachta ná cuntais iniúchta a chruthódh gur chuir an dream a fuair deontas na cistí i bhfeidhm ar mhaithe leis na cuspóirí a bhí leagtha síos.
 - Bhí éagsúlacht le sonrú ar nádúr na monatóireachta leanúnaí ar an dul chun cinn a bhíodas ag déanamh agus bhí gá feabhas a chur ar sholáthar na gcáipéisí mar fhianaise ar mhonatóireacht a bhí ar siúl.
 - Cé go ndearnadh gnáthmheasúnaithe ar chur i gcrích na gcuspóirí a bhí i gceist le deontais na bliana 2000, níor coinníodh taifid ar mheasúnaithe i gcásanna áirithe.

7. In regard to these matters the Chief Executive of Foras na Gaeilge informed us that

- An Foras accepts that its grant payment arrangements require the formal approval of the NSMC and Finance Ministers. It is in consultation with the sponsor Departments on this issue.
- While the Board had subsequently approved written criteria for grant funding on 25 October 2002 the varied nature of projects involved in the promotion of the language made it difficult to apply a universal appraisal mechanism. The Board has recently approved substantially updated criteria for grant funding and is forwarding same to the sponsor Departments for approval.
- Formal procedures had been put in place in 2003 to ensure that documented evidence of all recommendations were kept on project files.
- In regard to the lack of specific approval of project payments by the Board he stated that where this had occurred it was because of the impending suspension of the Body, but in these cases there had been prior Board approval for the categories of expenditure. He assured us that all specific payments made under the terms of such general approvals were subsequently notified to the Board and ratified by them.
- In future, records of inspections of persons who received grants will be maintained and measures put in place to evidence the activity subvented by means of invoices, returns or audited accounts.
- He accepted that the nature of the on-going monitoring of progress made on projects varied across the different programmes and that documentation was not consistently maintained in respect of the work undertaken to monitor such progress. He assured us that formal procedures to address shortcomings in this area will be established with the appointment of new additional staff.
- In regard to the overall evaluation and monitoring of the achievement of objectives, he assured us that although procedures to ensure their formal documentation were only put in place in 2003, these procedures had been consistently undertaken in respect of all year 2000 grants and staged payments had only been made when the Board was satisfied with progress towards the achievement of project objectives.

Financial Reporting

8. A draft of the annual account of An Foras for the period ended 31 December 2000 was only presented for audit in October 2002. The account was the subject of subsequent adjustments and a final version suitable for consolidation into the account of the Language Body only emerged in mid-2004.
9. It was noted that internal reporting arrangements required improvement in that, while the Board was informed of grant expenditure at meetings, a comprehensive set of internal accounts was not presented regularly to the Board throughout 2000. The lack of regular financial information throughout the year militated against the discharge by the Board of its oversight role with regard to the executive function.
10. The Chief Executive assured us that
 - Records of the Income and Expenditure to date compared to budgeted figures are now presented at all Board meetings
 - Indications of the impact of events to date on the forecast for the year are also given at Board meetings and are discussed.

7. Maidir leis na cúrsaí seo thug Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge le fios dúinn

- Go nglacann an Foras leis gur gá ceadú foirmeálta a fháil ón CATT agus ó na hAíre Airgeadais le haghaidh socruithe íocaíochtaí deontais. Tá an Foras ag dul i gcomhairle leis na Ranna urraíochta ina thaobh seo.
- Cé gur cheadaigh an Bord critéir scríofa do mhaoiniú deontais ina dhiaidh sin ar an 25 Deireadh Fómhair 2002, bhí sé deacair meicníocht mheasúnaithe uilíoch a chur i bhfeidhm mar gheall ar éagsúlacht na gcineálacha tionscnaimh a bhain le cur chun cinn na teanga. Le déanaí mhol an Bord critéir atá go substaintiúil nuashonraithe do mhaoiniú deontais agus tá siad seo á gcur ar aghaidh chuig na Ranna urraíochta le go gceadófar iad.
- Cuireadh modhanna oibre foirmeálta i bhfeidhm i 2003 le cinntiú go gcoinnítear cáipéisí mar fhianaise ar gach moladh i gcomhaid na dtionscnamh.
- Maidir le ceadú faoi leith d'íocaíochtaí tionscnaimh ón mBord a bheith in easnamh, dúirt sé gur tharla na cásanna seo mar gheall ar fhionraíocht an Fhorais Teanga a bheith ag bagairt, ach go raibh cead faighte ón mBord roimh ré do na catagóirí caiteachais. Chinntigh sé dúinn gur cuireadh an Bord ar an eolas ina dhiaidh seo faoi na híocaíochtaí faoi leith ar fad a rinneadh de réir théarmaí na gceadaithe ginearálta seo, agus gur dhaingnigh an Bord iad.
- As seo amach, coinneofar taifid ar an gcigireacht a dhéantar ar dheontaithe chun sonraisc, tuairisceáin nó cuntais iniúchta a choimeád mar fhianaise ar an tionscnamh.
- Ghlac sé leis go raibh éagsúlacht i gceist sa mhonatóireacht a bhíonn á déanamh ar an dul chun cinn a dhéanann na tionscnaimh sna cláracha difriúla, agus nár coinníodh cáipéisí ar bhonn comhsheasmhach maidir leis an obair ar tugadh fuithi chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn seo. Gheall sé dúinn go gcuirfear modhanna oibre foirmeálta i bhfeidhm chun easpaí sa réimse seo a chur i gceart nuair a cheapfar breis foirne nua.
- Maidir leis an measúnú agus an mhonatóireacht a dhéantar trí chéile ar chur i gcrích na n-aidhmeanna, gheall sé dúinn, cé nár cuireadh na modhanna oibre chun coinneáil cháipéisí a chinntiú i bhfeidhm go dtí 2003, gur tugadh faoi na modhanna oibre seo go comhsheasmhach maidir le deontais uile na bliana 2000 agus nách ndearnadh íocaíochtaí céimnithe ach amháin nuair a bhí an Bord sásta leis an dul chun cinn a bhí déanta ó thaobh aidhmeanna na dtionscnamh a chur i gcrích.

Tuairiscíú Airgeadais

- Níor cuireadh dréacht de chuntas bliaintiúil an Fhorais don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2000 ar fáil, le go ndéanfaí iniúchadh air, go dtí Deireadh Fómhair 2002. Rinneadh leasuithe ar an guntas ina dhiaidh sin agus níor cuireadh leagan deireanach, a bheadh sásúil lena chomhdhlúthú mar chuid de chuntas an Fhorais Teanga, ar fáil go dtí lár na bliana 2004.
 - Tugadh faoi deara go gcaithfí feabhas a chur ar shocruithe tuairiscithe inmheánacha sa mhéid is nár cuireadh cuntais inmheánacha cuimsitheacha ar fáil go rialta don mBord i gcaitheamh na bliana 2000, cé gur cuireadh an Bord ar an eolas faoi chaiteachas deontais ag cruinnithe. Toisc nach raibh eolas airgeadais á chur ar fáil go rialta i gcaitheamh na bliana, ba dheacair don Bhord a ról maoirseachta a chur i gcrích maidir leis an bhfeidhmeannas.
10. Gheall an Príomhfheidhmeannach dúinn:
- Go gcuirtear taifid den Ioncam agus den Chaiteachas go dáta, i gcomparáid leis na figiúirí a bhí luaite sa bhuiséad, i láthair ag gach cruinniú Boird
 - Go gcuirtear an t-eolas is déanaí a bhíonn ar fáil faoi thionchar imeachtaí go dáta ar réamhfhaisnéis na bliana i láthair ag cruinnithe Boird freisin, agus go bpléitear an t-eolas sin.

ULSTER SCOTS AGENCY

Background

11. The legislation [1] establishing the Ulster-Scots Agency defines the functions of the Ulster-Scots Agency as:

"promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island".

It describes Ullans as the variety of the Scots Language traditionally found in parts of Northern Ireland and Donegal. 'Ulster Scots cultural issues' are defined as those which relate to the cultural traditions of the part of the population of Northern Ireland and the border counties which is of Scottish ancestry and the influence of their cultural traditions on others, both within the island of Ireland and in the rest of the world.

12. Board members of the Agency have responsibility for the functions of the Agency. The day to day management and control generally of the administration and business of the Agency are exercised by a Chief Executive who is appointed by the Language Body, subject to the approval of NSMC.

13. The Agency was set up on 2 December 1999 and it took some time to put a structured organisation in place. It told us that it was set up with no resources, no accommodation and with one member of staff seconded from a Northern Ireland Department. The first meeting of the Board took place in February 2000 and in its first year it was staffed by an Interim Chief Executive and two temporary staff.

Corporate Plan

14. The Agency told us that its initial focus during its first year of operations was on preparing a Corporate Plan for the period 2000/1 to 2003/4 which was required by the legislation. The Plan sets out the aims, objectives and activities of the Agency and it was approved by the NSMC in December 2000.

15. The Mission Statement set out in the Corporate Plan is:

The aim of the Ulster-Scots Agency is to promote the study, conservation, development and use of Ulster-Scots as a living language; to encourage and develop the full range of its attendant culture; and to promote an understanding of the history of the Ulster-Scots.

16. To achieve the aim the Corporate Plan states that the Agency will take advantage of opportunities:

- To promote a greater sense of identity of the Ulster-Scots community.
- To play its part in supporting the relevant strategic objectives of the two sponsoring Departments, north and south of the border.
- To promote the Ulster-Scots language, culture and history throughout the island of Ireland and beyond.
- To play a significant role in the pan-European recognition of minority languages and human rights.
- To learn from the experience of other minority languages.

THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH

Cúlra

11. Sainmhínítear feidhmeanna Tha Boord o Ulstèr-Scotch mar seo a leanas sa reachtaíocht [1] a bhunaíonn Tha Boord o Ulstèr-Scotch:

‘feasacht níos fearr ar an Ultais agus úsáid na hUltaise agus gnéithe cultúrtha Albanaís Uladh a chur chun cinn, taobh istigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.’

Cuireann se síos ar an Ultais mar an cineál sin de theanga na Albanaise a fhaightear go traidisiúnta in áiteanna i dThuaisceart Éireann agus i nDún na nGall. Is é an sainmhíniú a thugtar ar ‘ghnéithe cultúrtha Albanaís Uladh’ ná iad sin a bhaineann le traidisiúin chultúrtha na coda sin de dhaonra Thuaisceart Éireann agus de chontaethe na teorann ar de bhunadh na hAlban iad agus an tionchar atá ag traidisiúin chultúrtha na ndaoine sin ar dhaoine eile, ar oileán na hÉireann agus ar fud an domhain araon.

12. Tá freagracht ar chomhaltaí Bhord na Gníomhaireachta i leith fheidhmeanna na Gníomhaireachta. Is é an Príomhfheidhmeannach a fheidhmíonn an bainistiú ó lá go lá, agus an stiúradh ginearálta a dhéantar ar riaradh agus ar ghnó na Gníomhaireachta. Ceapann an Foras Teanga an Príomhfheidhmeannach, le ceadú CATT.
13. Bunaíodh an Ghníomhaireacht ar an 2 Nollaig 1999 agus thóg sé méid áirithe ama chun eagraíocht struchtúrtha a chur i bhfeidhm. Dúradh linn gur bunaíodh é gan aon acmhainní ná aon chóiríocht a bheith aige, agus ball foirne amháin ar iasacht ó cheann de Ranna Thuaisceart Éireann. Tionóladh an chéad chruinniú Boird i mí Feabhra 2000 agus sa chéad bhliain gurbh ann dó, Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus beirt bhall foirne sealadach a bhí san fhoireann.

Plean Corparáideach

14. Dúirt an Ghníomhaireacht linn gur dhírigh sé sa chéad bhliain oibre ar Phlean Corparáideach a ullmhú don tréimhse 2000/1 go dtí 2003/4, mar a d’éiligh an reachtaíocht. Leagadh amach aidhmeanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta sa Phlean agus cheadaigh CATT é, mí na Nollag 2000.

15. Is é an Ráiteas Misin a luaitear sa Phlean Corparáideach:

Tá sé mar aidhm ag Tha Boord o Ulstèr-Scotch staidéar, caomhnú, forbairt agus úsáid Albanaís Uladh mar theanga bheo a chur chun cinn; réimse iomlán an chultúir a bhaineann léi a spreagadh agus a fhorbairt; agus tuiscint ar stair phobal Albanach Uladh a chur chun cinn.

16. Chun an aidhm seo a chur i gcrích deir an Plean Corparáideach go mbainfidh an Ghníomhaireacht leas as na deiseanna seo leanas:

- Tuiscint níos fearr ar a bhféiniúlacht a chur chun cinn i measc pobal Albanach Uladh.
- A chion féin a dhéanamh chun tacú le cuspóirí straitéiseacha ábhartha an dá Roinn urraíochta, Thuaidh agus Theas.
- Teanga, cultúr agus stair Albanach Uladh a chur chun cinn fud fad oileán na hÉireann agus i gcéin.
- Ról tábhachtach a bheith aici le haitheantas pan-Eorpach a bhaint amach do theangacha mionlaigh agus do chearta daonna.
- Ceachtanna a fhoghlaim ó thaithí theangacha mionlaigh eile.

Accounting by the Agency

17. The legislation requires the Language Body to keep proper accounts and financial records and to prepare a statement of accounts in respect of each year containing such information and in such form as the Northern Ireland and Irish Departments paying grants may direct with the approval of the Finance Departments. The content and form of the accounts is formally conveyed by the issuing of an accounts direction.
18. A Financial Memorandum governs the relationship between the sponsoring departments and the Body.
19. The Ulster-Scots Agency submitted a statement of accounts for the period ended 31 December 2000 to the Comptrollers and Auditors General in January 2002. This was returned because the format did not comply with the Finance Departments' guidance. After further consultation between the Agency's accountants and the Northern Ireland Audit Office and the Office of the Irish Comptroller and Auditor General, a compliant statement of accounts was submitted in May 2002.
20. Queries relating to the expenditure in the consolidated accounts of the Language Body were not disposed of until 2004.

Internal Audit Reviews

21. As part of the audit of the accounts of the Agency for the period ended 31 December 2000, our staff examined and reviewed Internal Audit's work.
22. In April 2000 the Interim Chief Executive of the Agency arranged for the provision of an internal audit service to "perform a review of the systems recently implemented at the Ulster-Scots Agency" by an internal audit service attached to Northern Ireland's Southern Health and Social Services Board.
23. In addition to its review of systems, the audit examined a sample of payments. A final draft report was presented in February 2001 which mainly provided the Agency with advice as to the development of its systems. The report also recorded that on the basis of the evidence available payments made were proper and accurately accounted for.
24. The Department of Culture, Arts and Leisure (DCAL) commissioned Northern Ireland's Department of Education's (DE) Internal Audit Unit in April 2001 to carry out an investigation into the systems in operation within the Ulster-Scots Agency to inform the DCAL Accounting Officer about:
 - the adequacy of the systems of internal control in operation within the Agency;
 - whether they were functioning properly; and
 - whether they were excessive to requirements.

The Agency told us that it had welcomed this investigation though it also noted that the findings of this investigation had to be placed in the context of difficulties created by the staffing situation with a secondee from a Northern Ireland Department and two temporary staff from a recruitment agency attempting to do their best in difficult circumstances.

25. During the course of the investigation all the transactions made since the Agency began making payments on its own behalf were examined. Between 2 December 1999 and April 2000, payments had been made by DCAL on the Agency's behalf.
26. DE's Internal Audit reported in October 2001 that a system of internal control was largely non-existent. It found that even the basics of regularity and propriety were absent. However, in April 2003, Internal Audit reported that a Policy and Procedures Manual had been put in place to provide the Agency with guidance to enable it to act in a manner that is expected of a public sector body.
27. Our findings, set out in the following paragraphs, have taken account of the work of the DE Internal Audit Unit. As the Internal Audit report also dealt with expenditure beyond 31 December 2000, we have included reference to such expenditure in our report.

Cuntasaíocht na Gníomhaireachta

17. Iarrann an reachtaíocht ar an bhForas Teanga cuntais chearta agus taifid airgeadais a choinneáil agus ráiteas cuntas a ullmhú i dtaobh gach bliain, a mbeidh an cineál faisnéise iontu agus an leagan amach orthu de réir na treorach a thugann na Ranna sin de chuid Thuaisceart Éireann agus de chuid na hÉireann a íocann deontais, le ceadú na Ranna Airgeadais. Eisítear treoir do chuntais chun ábhar agus leagan amach na gcuntas a shainmhíniú go foirmiúil.
18. Rialaíonn Meamram Airgeadais an gaol idir na ranna urraíochta agus an Foras Teanga.
19. Chuir Tha Boord o Ulstèr-Scotch ráiteas cuntas don tréimhse dar chríoch 31 Nollaig 2000 faoi bhráid na nArd-Reachtaí Cuntas agus Ciste i mí Eanáir 2002. Cuireadh ar ais é de bharr nach raibh an leagan amach ag teacht le treoir na Ranna Airgeadais. Tar éis do chuntasóirí na Gníomhaireachta dul i gcomhairle arís le hOifig Iniúchta Thuaisceart Éireann agus Oifig Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann, cuireadh ráiteas cuntas a rinneadh de réir threoir na Ranna Airgeadais ar fáil i mí na Bealtaine 2002.
20. Níor réitíodh ceisteanna a bhain le caiteachas i gcuntais chomhdhlúite an Fhorais Teanga go dtí 2004.

Scrúduithe Iniúchta Inmheánacha

21. Mar chuid den iniúchadh a rinneadh ar chuntais na Gníomhaireachta don tréimhse dar chríoch 31 Nollaig 2000, scrúdaigh ár bhfoireann obair an Iniúchta Inmheánaigh, agus rinneadh athbhreithniú ar an obair sin.
22. I mí Aibreáin 2000 shocraigh Príomhfheidhmeannach Eatramhach na Gníomhaireachta go gcuirfí seirbhís iniúchta inmheánach ar fáil chun "athbhreithniú a dhéanamh ar na córais a chuir Tha Boord o Ulster Scotch i bhfeidhm le déanaí" ag seirbhís iniúchta inmheánach a bhí ceangailte le Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta Dheisceart Thuaisceart Éireann.
23. De bhreis ar an athbhreithniú a rinne an t-iniúchadh ar chórais, scrúdaigh sé roinnt íocaíochtaí samplacha. Cuireadh dréacht-tuairascáil dheireanach ar fáil i mí Feabhra 2001, a chuir comhairle ar fáil don Ghníomhaireacht don chuid is mó i dtaca le córais na Gníomhaireachta a fhorbairt. Tugadh faoi deara sa tuairascáil freisin go raibh na híocaíochtaí a rinneadh ceart, agus iad taifeadta go cruinn, de réir na fianaise a bhí ar fáil.
24. Choimisiúnaigh An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF) Aonad Iniúchta Inmheánaigh Roinn Oideachais (RO) Thuaisceart Éireann i mí Aibreáin 2001 chun na córais a bhí i bhfeidhm in Tha Boord o Ulstèr-Scotch a fhiosrú chun Oifigeach Cuntasaíochta RCEF a chur ar an eolas faoi:
 - leordhóthain na gcóras rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht;
 - iad a bheith ag feidhmiú i gceart, nó gan a bheith; agus
 - iad a bheith iomarcach nó gan a bheith.Dúirt an Ghníomhaireacht linn gur chuir sí fáilte roimh an bhfiosrúchán seo cé go ndúradh freisin go gcaithfí torthaí an fhiosrúcháin a chur i gcomhthéacs na ndeacrachtaí a bhí ann mar gheall ar chúrsaí foirne: ball foirne a bhí ar iasacht ó Roinn de chuid Thuaisceart Éireann agus beirt bhall foirne sealadacha ó áisíneacht earcaíochta ag iarraidh a ndícheall a dhéanamh sa chruachás ina raibh siad.
25. I gcaitheamh an fhiosrúcháin scrúdaíodh na bearta ar fad a rinneadh ó thosaigh an Ghníomhaireacht ag déanamh íocaíochtaí thar a ceann féin. Idir 2 Nollaig 1999 agus Aibreán 2000 bhí RCEF tar éis an híocaíochtaí a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta.
26. Thuairiscigh Aonad Iniúchta Inmheánaigh RO i mí Dheireadh Fómhair 2001 gur ar éigean a bhí aon chóras rialaithe inmheánach ann. Dar leis fiú go raibh gnéithe bunúsacha den rialtacht agus den chuibheas in easnamh. I mí Aibreáin 2003 áfach, thug an tAonad Iniúchta Inmheánaigh le fios go raibh Lámhleabhar Polasaí agus Modhanna Oibre tógtha isteach chun treoir a chur ar fáil don Ghníomhaireacht a chuirfeadh ar a cumas gníomhú de réir mar a mbeifí ag súil leis i gcás forais san earnáil phoiblí.
27. Tá ár gcuid cinntí leagtha amach sna hailt seo a leanas. Cuirimid san áireamh iontu obair Aonad Iniúchta Inmheánaigh RO. De bhrí gur phléigh tuairascáil an Iniúchta Inmheánaigh cúrsaí caiteachais tar éis 31 Nollaig 2000 freisin, tá tagairt déanta againne do chaiteachas den saghas seo inár dtuairascáil.

Grant Administration

Authorisation of Grant Schemes

28. The legislation permits the Language Body to provide financial assistance, for the purposes of its functions, to any body or person, in accordance with arrangements to be approved by NSMC and the Finance Ministers.
29. In the period ended 31 December 2000 grants totalling STG£54,133 (IR£67,666) were expended and a further STG£620,000 (IR£775,000) was committed. The Agency had not sought or received any approval from NSMC or the Finance Ministers of its arrangements for paying grants by the end of 2001. Consequently the total grant expenditure did not conform to the authorities which govern it. The Agency told us that it was now aware that whilst legislation allows it to make grants, specific procedures need to be in place and that it has taken steps to comply with this.

Foreign Travel

Regularity of transactions

30. It is recognised that Ulster Scots cultural issues extend to the influence of the Ulster Scots traditions on others outside the island of Ireland. However, the functions of the Agency quoted at paragraph 11 above do not extend to the promotion of Ullans and Ulster-Scots cultural issues outside the island of Ireland. The promotion of the awareness of Ulster Scots cultural issues is, under the Implementation Order, restricted to the island of Ireland.
31. A number of foreign visits were made by Agency representatives. The Chairman and first Interim Chief Executive visited the USA and Canada in January 2001 to 'test the water' and attempted to form some key relationships that would form a platform for future developments. They held "an intensive round of meetings with politicians, journalists, civil servants and key opinion formers in a number of Eastern and Southern States where it was evident that an appetite existed for Scots/Irish Ulster Scots culture".
32. A further visit took place in April 2001, involving a larger representation by the Agency – the Chairman, Interim Chief Executive, most of the Board members, a photographer, and five musicians. It culminated in the launch on Capitol Hill, Washington, on 5 April 2001, of the International Research Network for Ulster Scots. The Agency considered that the launch of the Network 'contributed to raising public awareness of Ulster Scots in the United States in very influential circles; placed Ulster Scots on the world stage and won it new-found friends in important places in the United States'. The cost of the visit was estimated by the Agency at STG£50,000 (IR£62,500).
33. About 40 people, including the Chairman, some members of the Board, and some bandmen, visited Viareggio in Italy in February 2001. The cost to the Agency of this visit was stated by a Public Relations (PR) Activity Report prepared for the Agency to be STG£4,748 (IR£5,935), plus flights at STG£1,629 (IR£2,063) and accommodation. The PR Activity Report identified the benefits of the visit, which included:
- positive press coverage of the local bands;
 - substantial positive coverage by two journalists whom the Agency hosted;
 - placing Ulster Scots in an international context; and
 - demonstration of a strong musical tradition within the Ulster Scots culture.
34. The Agency's statement of the benefits derived from the visits to the United States, Canada and Italy indicates that it considers the promotion of Ulster Scots issues outside Ireland as an end in itself. A consultancy report in April 2001 on the launch of the International Ulster-Scots Institute states that "in promoting Ulster Scots generally, a key objective for the Agency has been to develop the largely untapped international dimensions of the culture and to build links between Ulster Scots groups around the world".

Riaradh Deontas

Údarú na Scéimeanna Deontais

28. Ceadáíonn an reachtaíocht don Fhoras Teanga cabhair airgeadais a chur ar fáil ar mhaithe lena chuid feidhmeanna, do dhuine nó d'fhoras ar bith de réir socruithe atá le ceadú ag an CATT agus ag na hAirí Airgeadais.
29. Sa tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2000 íocadh deontais arbh fhiú STG£54,133 (IR£67,666) iad agus bhí dliteanais STG£620,000 (IR£775,000) breise ann. Ní raibh aon cheadú ón CATT nó ó na hAirí Airgeadais maidir lena cuid socruithe faoi dheontais a íoc cuardaithe nó faighte ag an nGníomhaireacht faoi dheireadh 2001. Dá réir sin ní dheanadh an caiteachas iomlán deontais de réir na n-údarás a rialaíonn é. Dúirt an Gníomhaireacht linn go dtuigean sí anois go gceadaíonn an reachtaíocht di deontais a íoc, ach go gcaithfeadh modhanna oibre faoi leith a bheith i bhfeidhm agus go bhfuil an Gníomhaireacht ag féachaint chuige go gcloífear leis an socrú seo feasta.

Taisteal Thar Lear

Rialtacht na mBeart

30. Aithnítear go síneann cúrsaí cultúrtha Albanais Uladh amach chomh fada leis an tionchar a imríonn traidisiúin Albanais Uladh ar dhreamanna taobh amuigh d'oileán na hÉireann. Ní fhorálann feidhmeanna na Gníomhaireachta a luaitear in alt 11 thuas cur chun cinn na hUltaise agus cúrsaí cultúrtha Albanais Uladh taobh amuigh d'oileán na hÉireann áfach. Tá an cur chun cinn a dhéanfaí ar chúrsaí cultúrtha Albanais Uladh teoranta d'oileán na hÉireann, faoin Ordú Comhoibrithe.
31. Thug ionadaithe na Gníomhaireachta roinnt cuairteanna thar lear. Thug an Cathaoirleach agus an chéad Phríomhfheidhmeannach Eatramhach cuairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar Ceanada i mí Eanáir 2001 'mar thástáil' agus tugadh faoi eochairchaidreamh a chothú a bheadh mar bhunús le cúrsaí a chur chun cinn ina dhiaidh sin. Bhí 'sraith dianchruinnithe' acu 'le polaiteoirí, iriseoirí, státseirbhísigh agus daoine a raibh baint lárnach acu le cothú na tuairimíochta i roinnt Stát sa deisceart agus san oirthear, áiteanna ar léir go raibh dúil ag daoine sa chultúr Albanach Uladh.'
32. Eagraíodh turas eile i mí Aibreáin 2001, ar ghlac grúpa ionadaithe níos mó ón nGníomhaireacht páirt ann – an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach Eatramhach, formhór de bhaill an Bhoird, grianghrafadóir agus cúigear ceoltóirí. Tháinig an turas chun buaice ar Capitol Hill, Washington, ar 5 Aibreán 2001, mar ar seoladh an International Research Network for Ulster-Scots. Thuairimigh an Gníomhaireacht gur chuir seoladh an Network 'le tuiscint an phobail ar Albanais Uladh sna Stáit Aontaithe a mhéadú i measc daoine an-chumhachtacha; gur chuir sé Albanais Uladh ar an stáitse domhanda agus gur chothaigh sé dea-chaidreamh in áiteanna tábhachtacha sna Stáit Aontaithe'. Rinne an Gníomhaireacht amach gur STG£50,000 (IR£62,500) an costas a bhí ar an gcuairt.
33. Thug tuairim is dhá scór daoine cuairt ar Viareggio na hIodáile mí Feabhra na bliana 2001, ina measc an Cathaoirleach, roinnt comhaltaí Boird agus roinnt bannadóirí. Dúradh i dTuarascáil Imeachtaí a chuir comhlacht caidrimh phoiblí i dtoll a chéile don Gníomhaireacht, gur STG£4,748 (IR£5,935) a chosain an chuairt seo ar an nGníomhaireacht, móide eitilt a raibh STG£1,629 (IR£2,063) orthu agus lóistín. Rianaigh an Tuarascáil Imeachtaí buntáistí an turais, ina measc:
 - tuairiscí dearfacha ar na bannaí áitiúla sna meáin chumarsáide;
 - tuairisceoireacht dearfach substaintiúil ó bheirt iriseoirí a fuair afocht ón nGníomhaireacht;
 - Albanais Uladh a lonnú i gcomhthéacs idirnáisiúnta; agus
 - léiriú ar thraidisiún láidir ceoil mar chuid de chultúr Albanais Uladh.
34. Tugann ráiteas na Gníomhaireachta faoi na buntáistí atá le baint as dul ar cuairt go dtí na Stáit Aontaithe, Ceanada agus an Iodáil le tuiscint gur leor ann féin mar aidhm, cúrsaí Albanais Uladh a chur chun cinn taobh amuigh d'Éirinn. Deir tuarascáil chomhairleoireachta i mí Aibreáin 2001 faoi sheoladh an International Research Network for Ulster-Scots gur "phríomhchuspóir de chuid na Gníomhaireachta, agus Albanais Uladh á cur chun cinn go ginearálta, ab ea forbairt a dhéanamh ar na gnéithe idirnáisiúnta den chultúr a bhí faoi cheilt, cuid mhaith, agus na ceangail a neartú idir ghrúpaí Albanacha Ultacha ar fud an domhain".

35. The Agency referred us to the Corporate Plan (see above paragraph 16, 3rd bullet point in particular) which had been approved by the two sponsoring Departments, the Finance Ministers and the NSMC. The Agency added that it was their belief that the intention of the Agreement was not to restrict the work of the Agency and that clearly this was not the intention of those drafting the legislation in that the same restrictions were not placed on the other part of the Language Body, Foras na Gaeilge.
36. We remain of the opinion that the legislation does not permit the Agency to undertake activities to promote greater awareness and the use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues outside the island of Ireland. We would recommend that the Agency should seek legal advice on this matter.

Other Issues

37. DE's Internal Audit raised a number of concerns about management and control which the Agency accepted together with related recommendations. Before the report was finalised, the Interim Chief Executive became ill and took early retirement. In September 2001, the Agency appointed an Acting Chief Executive. His appointment from August 2001 was on a short-term renewable basis, and was in fact renewed on several occasions until March 2002. During his tenure a framework of controls was introduced.

Conclusions

38. The Board of a public body is required to ensure that controls are in place from which they can take assurance as to the regularity and propriety of the expenditure for which they are responsible.
39. It is of concern to note that Internal Audit reported in October 2001 that a system of internal control was largely non-existent and that the basics of regularity and propriety were absent. However, we welcome the introduction of a framework of controls referred to in paragraph 37 above. We will be seeking to assure ourselves during future audits that the controls that have been put in place are effective.

John Purcell
Irish Comptroller and Auditor General
Dublin Castle
Dublin 2
Ireland

18 November 2004

J M Dowdall
Comptroller and Auditor General
for Northern Ireland
106 University Street
Belfast BT7 1EU

18 November 2004

Notes

1. North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999

35. Agus an cheist seo á plé againn leis an nGníomhaireacht, thagair siad don Phlean Corparáideach (féach alt 16 thuas, go háirithe an 3ú pointe), a bhí ceadaithe ag an dá Roinn urraíochta, na hAíré Airgeadais agus ag an CATT. Dúirt an Gníomhaireacht freisin gurbh í a tuairim siúd nach raibh sé i gceist sa Chomhaontú go gcuirfí srian ar obair na Gníomhaireachta agus gur léir nárbh é seo a bhí ar intinn ag lucht dréachtaithe na reachtaíochta sa mhéid is nár cuireadh na srianta céanna ar an gcuid eile den bhForas Teanga, Foras na Gaeilge.
36. Táimidne den tuairim i gcónaí nach gceadaíonn an reachtaíocht don Gníomhaireacht dul i mbun imeachtaí chun tuiscint níos fearr a chothú ar chúrsaí cultúrtha Ultaise agus Albanaise Uladh agus ar a n-úsáid taobh amuigh d'oileán na hÉireann. Molaimid go rachfadh an Gníomhaireacht ar thóir comhairle dlí faoin ábhar seo.

Ceisteanna eile

37. Tharraing Aonad Iniúchta Inmheánaigh RO aird ar roinnt ábhar inní maidir le bainistíocht agus rialú lenar ghlac an Gníomhaireacht chomh maith le roinnt moltaí gaolmhara. Sular críochnaíodh an tuarascáil, buaileadh tinn an Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus chuaigh sé ar luathscor. Cheap an Gníomhaireacht Príomhfheidhmeannach Gníomhach i mí Mheán Fómhair 2001. Ba ar bhonn athnuachana, gearrthréimhse a ceapadh é ó Lunasa 2001, agus rinneadh athnuachan ar an socrú cuid mhaith babhtaí go dtí Marta 2002. Tugadh isteach creat rialaithe le linn a thréimhse oifige.

Conclúidí

38. Tá iachall ar Bhord aon fhorais san earnáil phoiblí a chinntiú go bhfuil rialúcháin i bhfeidhm a dhéanfaidh deimhin de rialacht agus de chuibheas an chaiteachais a bhfuil siad freagrach as.
39. Is ábhar inní é gur thug an tIniúchadh Inmheánach faoi deara i mí Dheireadh Fómhair 2001 gur ar éigean má bhí aon chóras rialaithe inmheánach ann, agus go raibh bunghnéithe na rialachta agus na cirte in easnamh. Fáiltimid áfach roimh thabhairt isteach creat rialaithe a dtagraítear dó in alt 37 thuas. Beimid ag lorg dearbhaithe nuair a dhéanfar iniúchtaí amach anseo go bhfuil na córais rialaithe atá curtha i bhfeidhm éifeachtach.

John Purcell

Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
Éire

J M Dowdall


Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas
Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste BT7 1EU

18 Samhain 2004

18 Samhain 2004

Nótaí

1. North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.





Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Ulster-Scots Agency



Foras na Gaeilge